

PLÉARÁCA '12

Foilsithe ag Pléaráca Teo. ar ócáid na Féile

€4

Clár na Féile • Tí Darby • Scéal ón Oirthear

• Ó Bhéal an Daingin go Dhahran •

Cuimhní Cinn ar an bPléaráca • Ré Nua Na Taibhdheirce
Grianghraif & go leor eile

Oireachtas na Samhna

LEITIR CEANAINN

BÍ LINN

Scoth na Féile

Comhluadar & Muintearas

Comórtais & Seisiúin

Seónna & Clubanna

Amhránaíocht & Ceol

OIFIG AN OIREACHTAIS, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire
Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: + 353 1 475 87 67
Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie
Suíomh Gréasáin: www.antoireachtas.ie

Faigheann Oireachtas na Gaeilge deontas ó



Buíochas

Eagarthóir:
Anna Ní Fhlatharta

Fógraíocht:
Anna Ní Fhlatharta
Máire-Áine Ní Mháille

Buíochas do na daoine seo a scríobh píosaí don iris, a rinne agallamh, a thug grianghraif agus a chabhraigh le réiteach na h-irise:

Máire-Áine Ní Mháille
Barbara Ní Shúilleabháin
Beartla M. Ó Flatharta
Ceara Conway
Diarmuid Mac an Adhastair
Eoin Mac Donncha
Freda Nic Giolla Chatháin
Jackie Mac Donncha
Linda Bhreathnach
Meta Uí Mháille
Mairéad Seoige
Mairéad Ní Cheannabháin
Ríonach Ní Néill
Catherine Uí Mháille
John Bhaba Jeaic Ó Confhaola
Máirín Uí Chonghaile
Peigí Ní Chonghaile
Máiretreasa Ní Cheallaigh
Clódóirí Chois Fharraige

Sinéad Ní Ráinne agus foireann Europus

Sí Mairéad Ní Chonaire a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris.

Caomhán Ó Scolaí a rinne an postaer agus clár na féile a dhearadh.

Tá muid fíor-bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht á thabhairt dóibh.

Coiste Féile Phléaráca:
Jackie Mac Donncha
Máire Ní Chualáin
Briocán Bairéad
Peigí Ní Chonghaile
Mairéad Ní Chualáin
Rosaleen Ní Shúilleabháin
Mattie Ó Nia
Gearóid Ó Murchú
Réamonn Ó Mainín
Máirín Uí Chonghaile
Anna Ní Fhlatharta
Máire Áine Ní Mháille

Buíochas do:
Seán Ó Loinsigh, Gailf Oileán Chonamara
Micheál & Helen Foley, Teach an Daingin & An Hooker Bar
S.N. Mhuire, An Tuairín
Seipéal Naomh Bantiarna
Lourdes & Naomh Cholmcille
Breandán Feiritéar
Máirtín Ó Ceallaigh
Seán Ó hEanaigh

Buíochas do na ceoltóirí, amhránaithe, damhsóirí, lucht ceardaíochta, áisitheoirí, na moltóirí agus na fir & mná tí ar na h-imeachtaí.

Buíochas d'Urraithe na Féile:
Ealaín na Gaeltachta


Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht a gcúnamh le poiblíocht.

Clár na hIrise

- 3 Eagarfhocal
- 5 Tí Darby - Agallamh le Diarmuid Mac an Adhastair
- 10 Tuairisc lascaireachta Bhéal an Daingin
John Bhaba Jeaic Ó Confhaola
- 12 Súil Siar
- 15 "Bhí an Dá Bealach ann, An Daingin 's An Ceann"
Agallamh le Michael Ó Flatharta
- 17 Scléip na Féile
Cill Chiaráin 2011
- 21 Cuimhní Cinn ar an bPléaráca
Beartla M. Ó Flatharta
Ceara Conway
Ríonach Ní Néill
Eoin Mac Donncha
Linda Bhreathnach
Mairéad Ní Cheannabháin
- 30 Ní Fheicfidh Tú É Seo Sna Meáin!
- 32 Clár na Féile
- 33 Imeachtaí na Féile
- 38 Cúrsaí Drámaíochta
Máirín Uí Chonghaile
- 39 Scéal ón Oirthear
Mairéad Seoige
- 42 Ré Nua Na Taibhdheirce
- 44 An Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige
- 46 Scríbhneoirí Óga
- 49 Ó Bhéal an Daingin go Dhahran
Barbara Ní Shúilleabháin

Taifeadh:
Ní mhór cead a tháil roimhre le aon taifeadh proifisiúnta fise nó tuaimhe a dhéanamh de imeachtaí ar bith do chuid Phléaráca Chonamara.

Grianghraif clúdach: Anna Ní Fhlatharta



T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer

Crua-earraí

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar
obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland



CALOR Gas

POST



Eagarfhocal

Tá bliain eile imithe agus tá sé in am arís d'Fhéile Phléaráca. Bhí an Fhéile 21 bliain ar an bhfód anuraidh agus athraíodh na dátaí go dtí mí Mheán Fómhair, mar a bhíodh sé sna blianta siar. Tá dhá chúis leis seo. An chéad cheann ná go mbíodh daoine ag rá gur mhothaigh siad uathu Féile Phléaráca ag an am seo den bhliain. An dara cúis ná go bhfuil sé ag éirí níos déanaí chuile bhliain sula dtugtar scéala dúinn maidir le maoiniu na Féile. Ní muide amháin a bhfuil sé seo ag cur as dóibh. Tá go leor eagrais sa mbád céanna linn. Níl gá domsa cur síos mion a dhéanamh faoi cén fath go bhfuil sé seo amhlaidh. Tá na nuachtáin ag inseacht dúinn chuile lá faoi ghanntan airgid na tíre agus arnó tá tionchar ag an lagtrá eacnamíochta orainn uilig.

De bharr ciorruithe ar an bunmhaoiniú a fháigheann Pléaráca Teo. faoi fhoralacha an Chláir Forbartha Áitiúil agus Pobail, ní raibh Pléaráca Teo. in ann beirt oibrí pobail a fhostú níos mó. D'éirigh Meta Uí Mháille as obair linn ag deireadh mhí Aibreáin. Chaith sí ocht mbliana déag leis an eagraíocht agus is mór an chaillteanas í. Bhí croí Mheta i gcónaí san obair a rinne sí le Pléaráca agus rinne sí a dícheall ar son an phobail agus ar son na prionsabail ar fad a bhain le Forbairt Pobail. Is iomaí duine a raibh tionchar ag 'Meta Phléaráca' orthu, mé féin ina measc.

I mbliana, beidh an 22ú Féile Phléaráca ar siúl i gceantair Eanach Mheáin agus i mBéal an Daingin. Tá míreanna spésiúla a bhaineann leis an gceantar seo le fáil san Iris seo. Tá agallamh le Diarmuid Mac an Adhastair faoin sean halla Tí Darby, chomh maith le scéalta ó Dhahran agus Singapore. Léiríonn scéal Eoin Mac Donncha dúinn an tábhacht atá leis na ceardlanna agus tograí ealaíona atá mar chuid lárnach d'obair Phléaráca agus na deiseanna a thugann siad do dhaoine óga. Chuir Eoin tús lena shaol mar dhamhsóir sna ceardlanna a thug Ríonach Ní Néill ar son Phléaráca. Freisin, tá roinnt cuimhní cinn againn ó dhaoine eile a bhí páirteach i dtograí leis an bPléaráca thar na mblianta. Tá grianghraif sean agus nua inti, scéalta, chomh maith le cur síos ar na himeachtaí a bheidh ar siúl i rith na Féile.

Bainigí taitneamh as!

Tigh Mhic Dhonnchadha Costcutters

Béal an Daingin

*An Post - Deli - Lotto - Breosla
Beatha Beithíocht - Off Licence*

Fón: 091 506822


Tí Darby - Agallamh le Diarmuid Mac an Adhastair

Tí Darby

Agallamh le Diarmuid Mac an Adhastair

Tá aithne ag an saol mór mar aisteoir agus mar ealaíontóir air. Fear a chaith tamall ag plé leis an bhfarraige, ag obair i Londain agus ag rith teach ósta agus halla a thóg a mhuintir. Beidh cuimhne go deo ag an dream a bhíodh ag dul Tigh Darby ó na 60í ar aghaidh ar na hoícheanta móra a bhíodh ann agus ar chaill siad d'allas ag damhsa.

Ba as Béal an Daingin mo mháthair, McDonagh an sloinne a bhí uirthi. Bhí teach ósta ag a hathair Réamann. Níl an t-eolas agam cén uair go díreach a d'oscail an teach ósta ach dúirt fear as Cill Chiaráin liom Pácaí Keane thart ar scór blianta ó shin gur chuala sé ráite é gurb iad fhéin Tigh Kheane i gCill Chiaráin, Tigh Pheter i gCasla agus Tigh Réamainn Liamín i mBéal an Daingin, na trí theach ósta is sine i gConamara. Bíodh aon fhúrinne ansin nó nach bíodh. Ach, bhí an teach ósta ag mo mháthair, bhí ag Réamann a hathair, bhí sé ag a athair sin Liamín agus ag Peadairín a athair sin. Ba as an gCaisleán Gearr m'athair Dáirbí Nestor, áit a dtugann siad Roscam air. Ag tiomáint roller a bhíodh seisean, is é an chéad duine é a chuir tarra ar an mbóthar anoir an taobh seo le roller, sin i 1937-38. Casadh air mo mháthair sa teach ósta agus phós siad i 1940. Bhí ceathrar clainne acu. Mary, Joan, Patsy agus mise. Bhásaigh Patsy agus í ocht mí d'aois. Tá Joan ina cónaí i mBéal an Daingin agus tá Mary i nGaillimh.



Diarmuid Mac an Adhastair

Teach Pictiúir:

I lár na 50í bhíodh dream ag dul thart anseo a bhíodh ag campáil, Hudson an sloinne a bhí orthu. Bhí dhá set acu ann, beirt dearthár. Bhí an t-sráid réitithe ag an sean-bhuachaill, ní fhios agamsa céard a bhí ar intinn aige. Ankie an t-ainm a bhí ar an bhfear a tháinig ar dtús. D'fhiafraigh sé do m'athair an bhféadfadh siad an campa pictiúir a chur suas ar feadh seachtaine, chuir agus bhain sé dhá mhí amach ann. Nuair a d'imigh sé sin tháinig an deartháir eile Sammy agus bhain sé fhéin dhá mhí amach ann. Bhí daoine cralceáilte ag pictiúir an uair sin, caithfidh tú cuimhneamh, ní raibh television ann agus chaith tú dul go Gaillimh má bhí tú ag iarraidh pictiúr a fheiceáil. Ba mhór an rud é a bheith amuigh anseo. Is dócha gur as sin a fuair

an sean-leaid an smaoineamh teach pictiúir a oscailt. Ar aon nós thosaigh sé ag tógáil an halla i 1954. Ní raibh ag obair air ach é fhéin agus fear as Ros an Mhíl a bhí pósta thíos sa Tuairín, Pádraic McDonagh, Pádraic Pheadairín Phádraic Nóirín. As cásaí a bhí sé déanta uilig agus an rud spéisiúil faoi ní raibh aon mhixer ann, le lámh a meascadh chuile shluasaid ariamh de. Chaití an t-uisce a tharraingt as an tobar le buicéid, tá mise ag rá gur maith saothraithe an lá a bhí ann. Thógadh sé trí nó ceathair de laethanta an chásáil a chur suas agus nuair a bhí sé líonta bheadh seachtain nó deich lá sula dá n-ardófaí an chásáil. Bhí sé dhá dhéanamh de réir a láimhe. D'oscail sé mar theach pictiúir i 1956. Dhá projector a bhí ann agus switchover unit. Ní raibh aon leictreachas sa gceantar agus b'éigean dúinn generator a cheannacht. Bhí a chuid badarála fhéin leis ach ní go minic a lig sé síos muid agus

Cogaslann Agatha

Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil



Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidís
Prescriptions

Ailleacht & Íocshláinte
Health & Beauty

Agatha Bn. Uí Mhistéil

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595168

Faics: 091-595154

cogaslannagatha@gmail.com

An Spailpín Fánach
30 bliain ar an mbóthar

An Spailpín Fánach
Ceardlann an Spidéil
Conamara
091-553343

Priondail T-Léinte
agus Hoodies
www.tshirt.ie

Tábhair dom
an cáca milis

tá geannai om

www.spailpin.com

bhí an sean-bhuachaill hanúy go leor thart ar innill.

'Doctor in the House' an chéad scannán a bhí ann, feictear dom gurb é Dick Bogart a bhí ann. Scannán grinn faoi mhac léinn leighis a bhí ann. Bhí sé greannmhar an uair sin mar bhí sé nua. Sé pingine a bhí isteach ar ghasúir agus scilling agus sé pingine nó dhá scilling an rud is mó ar dhaoine fásta. Bhíodh dhá chomhlacht i mBaile Átha Cliath a mbíodh muid ag fáil scannán uathu, Sight and Sound agus Ron Harris. Chuireadh siad sin catalogue againn chuile bhliain agus roghnaíodh muid amach na scannáin as sin. Chuirteá acu do liosta agus chuireadh siad anuas na scannáin ar an traein agus anoir ar an mbus as Gaillimh agus soir arís maidin lá arna mhárach ar an mbus. Bhí an 'Quiet Man' ann, bhí cáil mhór air ag an am. Bhí the 'Rising of the Moon' ann, bhí páirt ag Máirtín Thornton ann, faoi na Black and Tans a bhí sé sin. Scannáin ghreannmhara agus scannáin a mbíodh aicsean iontu is mo a mbíodh tóir orthu.

'Old Mother Riley', Laurel and Hardy, Avelia Costalloe, George Hornby sin iad a bhíodh uathu agus scannáin cowboys. Bhíodh cur síos ar na rudaí a thit amach sna scannáin dhá bplé sa bpub arís. Ní hiad na scannáin a chuir suim agam san aisteoireacht cé go mb'fhéidir go raibh baint aige leis. Nuair a thosaigh na damhsaí ní bhíodh cead céilí sa gCarghais. Bhí cumainn drámaíochta go leor thart an uair sin. Bhíodh siad sa halla. Bhíodh Johnny Chóil Mhaidhc ann, sin é an chéad uair a bhí faca mise Johnny Chóil Mhaidhc agus ba mhinic a dúirt mé, nár bhreá a bheith in ann gairí a bhaint as daoine mar atá sé sin a dhéanamh. Bhí suim san aisteoireacht agam d'éascair rud amháin as rud eile nó gur chríochnaigh mé suas leis an rud a bhfuil mé ag plé leis anois.

Bhí an sean-leaid an-fhadhbheathnaitheach. Ní raibh faitíos air bualadh faoi rudaí nuair a bheadh duine eile a braithóireacht, bíodh sé ceart nó contráilte, bhuaileadh sé chun cinn leis. Nuair a thosaigh rásaí Leitir Móir fadó, ní raibh aon rásaí eile thart ach iad agus an Tóstal i nGaillimh. Bhí muid thiar ag na rásaí an bhliain sin agus dúirt an sean-bhuachaill gur cheart go mbeadh áit éigin le barr chríoch a chur leis na rásaí a mbeadh oíche ceoil agus a bhféadfaí na

duaiseanna a bhronnadh. Ar aon chuma shocraigh siad an bhliain dar gcionn go mbeadh céilí sa halla. Ní urlár cláir a bhí sa halla chor ar bith an uair sin, is é an chaoi ar chuir sé líochán cement le haghaidh na hoíche air. Oíche na rásaí, bhí tír is talamh ann agus rinne an sagart go maith air, b'fhearr a rinne sé ar an damhsa ná ar an lá rásaí. Sé Fr. Walsh a bhí i Leitir Mór, bhí sé ag tógáil an tSeipéil ag an am. Cén fáth nach gcuireann tú céilí arís ann oíche Dé Domhnaigh seo chugainn a deir an sean-bhuachaill leis agus chuir. Ní raibh an tos céanna ann an oíche sin, ach bhí crowd ann. Ach go deimhin an mhaidin dár gcionn tháinig na Gardaí aniar agus dúirt siad nach raibh aon chead damhsa a bheith ann, go gcaithfeadh sé licence a beith aige. Dúirt m'athair má bhí sé ag fáil licence go raibh sé chomh réidh urlár cláir a chur ann. Aníos as Luimneach ó McMahon's a tháinig an t-urlár cláir agus sé fhéin a chuir síos é. Ansin i 1967 chuir mé fhéin balcony ann. Bhí mé ag rá dhá mbeadh balcony ann go n-oibreodh sé ní bhfearr, d'éirigh liom gur bhuail mé an tairne ar an mullach. Ba i Sasana a rith an smaoineamh liom an chéad uair, sa Shamrock, chonaic mé go raibh amharc agat ar chuile shórt a bhí ag titim amach ar an urlár. Chuir sé leis an spás agus leis an méid daoine a d'fhéadfadh a bheith ann freisin. Ba shin é ré na Showbands, ach roimhe sin dream áitúil a bhíodh ag ceol ann. Bhíodh fear as Cladhnach ag ceol ann, Pádraig Griffin, Pádraig Sheáin Mhicil Mháire. Bhíodh Milín Liam as an gCnoc ag ceol ann, chas Stiofán Ó Cualáin ann agus mac Phádraig Pheter as Leitir Calaidh. Bhínn fhéin ag méiseáil le mileoidean an uair sin. Bhíodh Máirtín Beag Ó Gríofa scaití ann, ach is daoine áitiúla uilig a bhíodh ann. Bhí dhá mhicreafón agus aimplitheoir againn.

Bhí na Bannaí Móra ar fad ann:

Ansin thosaigh na bannaí ceoil de réir a chéile. Is ó na daoine fhéin a fuair tú eolas faoi na bannaí ceoil. Cé a bhí go maith agus cé a thaitin leo. Is iad na daoine fhéin tar éis dó nó trí de bhlianta a bhíodh ag roghnú na mbannaí ceoil, agus chloiseadh tú lá arna mháireach cén chaoi a raibh an band, bhí sé iontach nó ní raibh aon mhaith leo. Ceann ar bith a chuala tú nach raibh aon mhaith leis ní bhíodh mórán deifir ort á dtabhairt ar ais. Bhíodh a fhios agat freisin do réir an chrowd a bhí ann, bhí chuile rud ag inseacht a scéil fhéin.

De réir mar atá mé in ann a dhéanamh amach, bhí na bannaí móra ar fad ann cé is móite de cheithre cinn. Níor chas an Royal Showband ann, an Capital, Joe Dolan ná Dicky Rock. Is í Margo an duine is mó a tharraingíodh crowd, ach roimhe sin sular thosaigh an damhsa céilí ag fáil bháis bhí dhá bhanna ceoil a sheas amach i gcónaí, Richie Fitzgerald as Bundoran agus Matt Cunningham as Headford. Bhí go leor hallaí pobail ann freisin ag an am, ba halla príobháideach a bhí anseo, ach is mó damhsaí carthanachta a bhíodh ann ná in aon halla pobail. Tógadh tithe as. Is é an meoin a bhí ag an sean-bhuachaill, gur mba le muintir na háite ar bhealach é, cén mhaith é a bheith ann a deireach sé mura dtiocfaidh muintir na háite ann. Ar dhamhsa cabhrach níor tógadh aon airgead ariamh ar an halla.

Sna hallaí pobail stop na sagairt an half-set an full-set agus stop siad an old-time waltz. Níl a fhios agam cén fáth ar ghearr siad amach an váls, b'fhéidir gur cheap siad go raibh leids ag fáil an iomarca ama ag caint go príobháideach le cailíní.

Nuair a bhí daoine ag dul go Sasana, de bharr an Buffalo, an Shamrock, an Galtimore agus hallaí eile, bhí siad imithe i dtaithí ar jiveáil, agus ní raibh aon áit jiveála ann ach Tigh Darby.

Is é an costas a bhíodh ar na bannaí móra, bhíodh céatadán den doras acu. Ní bhíodh an oiread de shlua ann is a bhíodh sa Seapoint mar shampla, ní bhíodh againne ach cheithre chéad, sé chéad scaití. Ní raibh aon cheann de na bannaí móra faoi £500 agus bhíodh ort guarantee a thabhairt mura dtagadh an t-airgead isteach ar an doras go mbeadh sin le fáil acu.

Tabharfaidh mé barúil duit cén táille a bhíodh ar an doras. Nuair a thosaigh na grúpaí folk, mar Danny Doyle, na Johnsons, Johnny MacEvoy, bhí riar acu ann. Bhí mé ag iarradh Johnny MacEvoy a fháil, thaitin a chuid amhrán go mór le daoine, The Shores of America, Mursheen Durkin, Carraigfergus, sin sna seascaidí. Bhí mé fhéin agus Máire thuas i mBaile Átha Cliath, fuair muid amach an bainisteoir Tom Costalloe agus chuaigh muid go dtí é. D'iarr mé dó cén costas a bheadh air. Bhuel a deir sé tá ceirnín nua déanta aige agus beidh sé amuigh faoi Cháisc agus tá mé cinnte go ndéanfaidh sé number one "Nora", ach

níl aon dáta saor agam ach Luan Cásca. Ní raibh aon damhsaí sa gCarghas fós an t-am seo, sin i 1968. Chuir mé póstaer amach chuile áit, ach sé an fhadhb is mó a bhí agam céard a bhainfeadh mé amach ar an doras. Dúirt mé fhéin i dtosach deich scilleacha mar bhí band le n-íoc freisin, ach dúradh liom nach mbeadh triúr ann. Shocraigh mé sa deireadh gur ocht scilleacha agus sé pingine. Tháinig an oíche, bhí dhá bhus as an gClochán taobh ó dheas den halla ag a 8.00i.n. Thosaigh siad ag teacht as chuile áit. Ní raibh a ndóthain sóinseála againn ar an gcéad dul síos, ach ní raibh i gceist ach tabhair dom dhá thicéad. Bhí na sluaite ag an doras. Chuaigh mé fhéin amach ar an tsráid agus bhí rolla ticéid agam, ní raibh siad ag iarradh na sóinseála ar chor ar bith ach fáil isteach. Dá gcuirfinn £1 iad bheadh sé faighte agam gan ceist. Tá mé ag ceapadh go ndeachaigh aon chéad déag duine tríd an doras an oíche sin ach ní raibh siad in éindí ann.

Bhí slua mór ann freisin an oíche a raibh na Dubliners ann, ní raibh an oiread ann agus a bhí an oíche a raibh Johnny MacEvoy ann agus murach an rud a tharla is dócha go mbeadh. Nuair a chuaigh mé ag caint leis an mbainisteoir socraíodh dáta i mí Iúil. Rinne mé margadh leis nach mbeadh siad ag casadh in aon áit eile i gContae na Gaillimhe idir seo agus mí Iúil agus cuireadh é sin sa gconartha. Tá mé ag ceapadh gur £700 an costas a bhí orthu. Ach an rud nach raibh a fhios agam ná go mbíodh gníomhairí eile ag obair dóibh freisin agus céard a bhí ach concert thoir i dTeach Forbacha seachtain roimhe agus nach raibh na Dubliners ann. Ghlaoigh mé ar an mbainisteoir agus dúirt mé leis nach mbeadh aon mhaith ann. Tíocfaidh muid ar réiteach éigin, a deir sé. Ghlaoigh sé lá arna mháireach agus dúirt sé go ndéanfaidh sé ar £500 é, ach fuair mé away leis ar £300 sa deireadh.

An Western Ballroom:

Bhí mé ag cuartú ainm le haghaidh an halla, agus bhí go leor ag tabhairt ainmneacha dom. Is é an sean-leaid mar gheall ar na cowboys a bhíodh sna scannáin, a dúirt gur cheart an Western a thabhairt air. Bhí Garda thiar i Leitir Móir, tá sé thuas i nDún na nGall anois, an bhfuil a fhios agatsa anois céard is fearr duit a dhéanamh a deir sé, cuir ceist ar mhuintir na háite agus cibe ainm a thabharfaidh siadsan air a dúirt sé. Fágadh acu é agus d'fhan Tigh Darby ariamh air. Is í mo

mháthair a bhíodh ar an doras agus nuair a phós mé ansin is í Máire a bhíodh ann. Cailín as suas an baile anseo a bhíodh san oifig agam. Ní bhíodh aon bhouncers ann ach bhí sa deireadh.

Aisteach go leor bhíodh sé ráite go mbíodh go leor troideanna ann, bhí an cháil sin air. Ach aisteach go leor níor sáthadh aon duine ann, níor buaileadh do bhuidéal aon duine ann, buaileadh fear de chloch alright, níor tháinig aon ambulance ann ná aon Gharda. Ach d'aireofaí ansin dhá dtéadh tú síos ar an gCeathrú Rua nó soir go Ros an Mhíl, - an raibh tú Tigh Darby aréir? Á muipe ní raibh aon chraic ann aréir, diabhal battle ar bith a bhí ann. Is é an t-údar a bhí leis sin, mar gheall ar an balcony. Nuair a thosaíodh tada ar an urlár bhí ringside seat ag chuile dhuine. Diabhal a mbíodh ann ach brú is dornaí. Bhíodh beirt ag sárú agus deichniúr ag déanamh réiteach. Ach caithfidh mé a rá, duine ar bith ar iarr mé air dul amach agus labhairt leis taobh amuigh, níor dhúltaigh aon duine acu ariamh mé. Bhíodh corr dhuine nach mbíodh sásta agus a thugtaí na hainmneacha ort, ach níor tugadh aon duine chun cúirte ariamh.

Faisean na linne:

Bhíodh daoine an-ghléasta an uair sin. Bhíodh leaids ag teacht abhaile as Sasana agus bhíodh cultacha breá éadaigh orthu. Na cailíní ar ndóigh is mini skirts a bhíodh orthu. Bhíodh leaids na mbannaí móra ag rá liomsa gur ann a chonaic siad na mná is breátha a chonaic siad ariamh. Dúirt Dermott O'Brien é, Eamonn Dunphy agus Hugo Duncan é, agus bhíodh siad sin ag casadh i chuile áit. Thug siad suntas dóibh. Is dócha gur cheap siad ag an am go raibh muide anseo i gConamara taobh thiar d'áiteacha eile agus nach raibh aon chur amach againn ar an saol mór. Ach by jeepers nuair a tháinig siad osclaíodh a súile dóibh. Bhí níos mó feicthe agus siúlta ag muintir Chonamara ná bhí ag an dream seo.

Ballroom of Romance:

Thagadh daoine i bhfad ó bhaile ann. Bhíodh daoine ag teacht as Headford agus Baile an Róba ann agus anoir as Athenry. Bhíodh Matt Cunningham ag inseacht dom dhá gcuirteá ceist orthu cá raibh tú aréir - 'in the ballroom of romance'. Sin é a thugadh siadsan air.

Dúirt daoine liom fhéin gur ann a casadh a

bhfear céile nó a mbean chéile orthu. Sin é an claim to fame atá ag Matt beag, gur ann a casadh a bhean air, ach mar a dúirt mé leis go minic shílfeá go raibh sí gar go maith thiar ag an teach duit. Tá a fhios agam cuid mhaith a casadh ar a chéile ann. Is minic a cuireadh ceist orm cén bealach taistil a bhíodh ag daoine. Carranna, ach má bhí ní raibh siad ag teacht leathfholamh. Ní raibh carranna fairsing. Ina dhiaidh sin nuair a thosaigh an Poitín Stil, thosaigh na busanna agus na discos.

Ag na céilithe, is iad na damhsaí is mó a mbíodh tóir orthu, Imshuí na hInse, Ballaí Luimnigh agus an set. B'fhéidir nach dtéadh chuile dhuine amach ar an valls mar nach raibh na steipeanna acu, ach mura raibh bhíodh siad amuigh ar an Staicín Eorna. Ach go deimhin níor theastaigh ól ná drugaí uathu, bhíodh an t-allas ag titim díobh ag damhsa. Is minic a chonaic mé cailíní agus ní bhíodh lán a mbéil bainte acu as an mbuidéal mineral acu nuair a bhíodh siad amuigh ar an urlár arís. Ní raibh gym ná aclaíocht ag teastáil an uair sin. Ach thuig siad ceol, níl a leithéid de rud ann anois is ceol, torann atá ann.

Nuair a bhí mise óg bhí mé craiceáilte ag ceol agus darts. Áit ar bith a raibh Joe Burke agus darts, bhí mise ann. Ní raibh an t-ól ann mar atá inniu, ní raibh an t-airgead ann agus is é an challenge a bhí ann, tú fhéin a iompar ceart agus siúl abhaile díreach.

Ní le Damhsa ná le Ceol amháin a bhíodh sé plé:

Ní ag plé leis an teach ósta ná leis an halla damhsa a bhí mé i gcónaí. Chaith mé chúig bhliana ag iascaireacht sa Trá Bháin le Seáinín Kelly. Bhíodh muid ag oibriú sé huairé déag sa lá, obair chrua le potaí. Bhí an t-iascach go maith ag an am, bhíodh pá maith seachtaine agat. Chaith mé sé mhí i Londain, i Highbury a bhí mé agus b'fhearr é ná sé bliana i gcoláiste tá mé a rá leat. Mar chaith mé seasamh ar mo dhá chois fhéin ansin. Ag éirí idir leathuair tar éis a cúig agus a sé a chlog ar maidin agus ag obair go dtí an sé chlog tráthnóna. Seacht mbliana déag go leith a bhí mé. Ag obair mar chippie's mate a bhí mé, is mó a bhí fhios agam fhéin ná ag an dream a raibh mé ag freastal orthu. Bhí mé ar chártaí ach dá n-oibrínn na seacht lá, leath lae Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh, bheadh £14 agam tar éis cáin a

bheith bainte as. Ba mhór an t-airgead é ag an am. Chuaigh mé go Sasana ar an 5 Bealtaine 1961 agus is ar an 5 Samhain 1961 a d'fhág mé an áit thall. Ach d'fhoghlaim mé go leor agus d'oscail sé mo shúile.

Bhí suim ariamh agam in obair adhmaid. Bhí múinteoir adhmaidíreachta ar an gCeathrú Rua, Míco Sallí, gur fada buan é. Bhí bealach álainn aige le siúinéireacht a mhúineadh. Bhí sé chomh simplí má bhí suim agat ann, agus d'fhan suim ariamh agam san obair. Bhí mé fhéin agus Máire lá istigh i nGaillimh, bhí muid pósta ag an am. Bhí an taispeántas seo thíos gar do Bhanc na hÉireann agus chonaic mé an obair snaídíreachta seo a bhí déanta ann. Tháinig an fear aníos agam, ar mhaith leat cúrsa a dhéanamh san obair seo a deir sé. Dúirt mé leis gur mhaith. Thíos gar don Taibhdhearc a bhí an cúrsa ar siúl dhá uair a chloig oíche amháin sa tseachtain ar feath ocht seachtainí. Cheithre scór punt an costas a bhí air. Rinne mé é agus thug mé an-aird air. Tar éis an chúrsa ansin, choinnigh mé leis an obair.

Thosaigh mé ag teacht aníos le ideas mé fhéin. Rinne mé píosa i gcomhar bronntanas bainise 'Heart and Hand', agus nuair a chonaic daoine é sin bhí píosaí ag teastáil uathu mar bhronntanas i gcomhair ócáidí éagsúla. Ní raibh mórán ama agam anois le fada ach tá mé ag déanamh beagán anois arís. B'fhéidir go bhfuil an íocaíocht agus an cúiteamh ar an obair eile a dhéanaim, ach is é an obair adhmaid is mo a fhaighim sásamh air. Mar nuair a fheicfidh tusa daoine chomh buíoch agus chomh sásta leis an bpíosa a chruthaigh tú dóibh, is leath-íocaíocht ann fhéin é sin. Tá an-sásamh intinne ag baint leis.

An Valls deiridh 1999:

I 1992 a d'imigh muide as agus bhíodh damhsaí ann suas go dtí trí bliana roimhe sin. Nuair a thóg Micheál Foley an áit ar láimh, tháinig sé agam agus d'inis sé dom go raibh sé ag cuimhneamh an halla a leagan. Meas tú an gcuirfeadh sé tada as do do mháthair a deir sé. Bhí mó mháthair beo ag an am, bhásaigh sí i 1996. Sul má leagfaidh tú é, a deir mise, tá mise ag iarraidh damhsa amháin eile a rith ann. Ceart go leor a deir sé. Mar a tharla sé bhí páirt faighte agam i scannán i mBaile Átha Cliath agus bhí muid ag obair air ó Déardaoín go dtí Dé Luain

an deireadh seachtaine céanna a raibh an damhsa le bheith ann. An oíche a raibh an damhsa deireanach Tigh Darby is é Michael Ridge a bhí ina MC ann. Bhí mé ag iarraidh Matt Cunningham a fháil ach ní raibh sé in ann a theacht agus bhí an-chaitheamh ina dhiaidh aige. Grúpa a bhíodh ag ceol thiar Tigh Hanley a fuair muid sa deireadh, ní cuimhneach liom anois cén t-ainm a bhí orthu ach d'oibrigh siad.

Is é mo mhac Caomhán agus Michael Ridge a bhreathnaigh amach don oíche. Ba le haghaidh Áras Mhic Dara a bhí an damhsa agam mar bhí mé an-mhór le Máirín King a bhí ina mátrún ann.

Ach an rud a bhí spéisiúil faoin damhsa sin, bhíodh an tsean-lady ag inseacht dom gur míle naoi gcéad punt a chosain an halla agus an trealamh an chéad lá ariamh, bhí leabhar aici a raibh cuntas coinnte ar chuile shórt aici. Nuair a cuireadh an t-airgead a tógadh ag an doras ar an oíche le chéile, ba míle naoi gcéad euro a bhí ann.



Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Tel: 091-593307 cic@iol.ie www.cic.ie



AR NÓS AN PHÁISTE (úrscéal) Pádraig Standún

Úrscéal corraitheach faoi sheanfhear a bhfuil an galar Alzheimer's air. Éalaíonn ó theach altranais agus faigheann eitilt go hAmstardam... é in airde ar bhalla in áit chontúirteach i Músaem Van Gogh, titim trí stór go talamh...

LEABHAR MÓR NA NAMHRÁN

in eagar ag
Peadar Ó Ceannabháin,
Micheál Ó Conghaile agus
Lochlainn Ó Tuairisg

Bailiúchán de os cionn ceithre chéad amhrán sean-nóis, chomh maith le nóta eolais faoi gach amhrán. Ciclipéid áisiúil do dhuine ar bith ar spéis leo an sean-nós.



Rogha leathan leabhar agus CDs ar www.cic.ie

Tuairisc lascaireachta Bhéal an Daingin

le John Bhaba Jeaic Ó Confhaola

I n 1833 tosaíodh ar obair le haghaidh na clocha a bhí sa mbealach ar na báid ag dul síos thríd an Daingean a bhlastáil. Socraíodh go mbeadh sé níos éasca ag na bádóirí dhul ag plé le iascach nó trádáil móin go hÁrainn agus Contae an Chláir, mar bhí anró mór orthu dhul thar Ceann Gólaime agus contúirt dá réir.

Ní bheadh báid bheaga in ann dhul síos an Daingean ag an am ach ag taoile ard. Ag deireadh na bliana 1835 cheap na Sasanaigh a bhí i gcumhacht ag an am airgead a chur ar fáil chun Bealach an Daingean a oscailt, go ndéanadh sé maitheas do na daoine bochta a bhí ina gcónaí i mBéal an Daingin, Eanach Mheáin, Ros Muc agus na bealaí sin. Anois bheadh na fir in ann airgead a dhéanamh ar obair, rud nach raibh roimhe. Tugadh 700 punt chun an obair seo a dhéanamh.

Bhí an obair seo déanta in 1836 agus bhí sí déanta go fíorshásúil agus bhí na carraigeacha, a bhí sa mbealach glanta amach agus bhí na báid in ann dul síos ar leath-thaoile agus leath trá. Nuair nach mbíodh na báid bheaga ag iascach bhíodh siad ag tabhairt móin agus feamainn isteach go Gaillimh.

Bhí 3,000 duine ina gcónaí ó Bhéal an Daingin isteach ag an am agus bhí sé níos éasca agus níos sábháilte acu a gcuid caoire agus beithígh a chur ar an aonach ó blaisteáileadh na clocha. Is le púdar gunna a rinneadh an blastáil agus bhíodar fíorshásta nár gortaíodh duine ar bith ag déanamh na hoibre seo. Chúig chéad punt a chosain an blastáil agus socraíodh ar an gcuid eile den airgead a bhí fágtha go dtógfaí cuailí go mbeadh a fhios ag na báid cá raibh na carraigeacha agus go mbeadh na báid seoil in ann fanacht glan ar na carraigeacha.

Thug Roinn an Gharda Cósta an-chúnamh le linn na hoibre seo. Bhí stáisiún acu i Leitir Móir ag an am agus bhreathnaigh siad amach do na hoibrithe a bhí ag obair ann. Ag an am freisin caithheadh 40 punt ar Chéibh an Mháimín. Sa bhliain chéanna freisin rinneadh Sconsa an Chladach ar £300.

Rinneadh an bóthar ón gClochán go Bun na hAbhann ar £542.76. Rinneadh Céibh Bhearna ar



Droichead an Daingin

£1,000. Caitheadh £850 ar an mbóthar idir an Clochán agus Gaillimh. Ach an rud is suntasaí ná gur caithheadh £3,000 ar an Tiarna Talún A.H. Lynch (M.P). Is léir gur thug siad aire dá ndream féin freisin.


Briseadh síos ar chostaisí obair Bhéal an Daingin:

	£	s	d
Obair, pá na n-oibrithe agus ábhar	309	4	6½
Maoirseoireacht	80	16	
Uirlisí agus timpistí	93	11	4½

Ba airgead mór a caithheadh i gCeantar na nOileán ag an am. Bheadh muid ag caint ar mhilliún inniu. Agus caithfidh muid a bheith buíoch go bhfuil bealach níos éasca ag bádóirí an lae inniu le dhul thríd an Daingean. Bhí sé trí scór bliain ina dhiaidh sular cuireadh an droichead air.

Ag an am caithheadh 40 punt ar Chéibh an Mháimín.

Tugadh deontais do na hiascairí inár caithheadh -	
£110 13s 1d	ar bháid, ábhar, eangacha, srl
£8 17s 1d	ar obair
£50 17s 10d	ar liúntais agus iascairí ar cíos
£9 - 2d	ar shalann
£62 5s 6d	costais taistil (Mr. Jagoe)
£3 6s	Píolóití





Súil Siar



Leathanach 12:

Grúpa fir as Ceantar na nOileáin a bhí ag bailiú airgead chun an séipéal nua a thógáil i Leitir Móir ag tús na 60í.

Leathanach 13:

(Thuas) Stiofán Ó Cualáin agus a bhean Bríd as Eanach Mheáin agus beirt iníon leo, Máire agus Catherine.

(Ar chlé): Matt Phádraicín Ó Máille as Eanach Mheáin agus Pádraic Joeín Mac Donnacha as Sean a'Féistín.

(Thíos): Mary Bhabe Uí Cheallaigh as An Tuairín ar Honda 50 ar Dhroichead an Daingin sa mbliain 1975.



Tomás Ó hÍr & a Chomhpháirtí Innealtóirí Próiseas & Déantúsaíocht

- Feabhsú caighdeán, táirgiúlacht & próiseais.
- Leagan amach áras déantúsaíochta & stórála.
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre.

Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 046-9555885
087-2433627
www.toh.ie
info@toh.ie

Ionad Pobail Chill Chiaráin

Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe



ÁISEANNA:

Seomraí Ranga	Naíonra
Cruinnithe	Cóisirí
Badmantan	Cúirt Leadóige
Liathróid láimhe	Liathróid Raicéid
Caisleán Spraoi	Cispheil
Club Óige	Ranganna Ceoil
Ranganna Damhsa	Ranganna Ealaíne
Drámaíocht	Karate
Aclaíocht	Cistin

Fón: 095 33450/33581

Gach Rath ar Fhéile Phléaráca 2012

Ryan McGinty
Laghdú Cánach!

Brabús Breise!

Cuir glaoch ar Cyril McGinty
091 395480
cmcginty@rmca.ie
www.rmca.ie
Cuntasóirí Deimhniúithe Cairte

Comharchumann Forbartha Árann Teo.

Buaiteoirí Gradaim Pobail na Gaeltachta

Comharchumann Forbartha Árann Teo.,
Ionad Fiontair Cholm Ó hIarnáin,
Cill Rónáin,
Árainn,
Cuan na Gaillimhe
Fón: 099 61354/61394
(F) 099 61454
eolas@cfarann.ie
www.cfarann.ie

Bhí an Dá Bhealach ann, An Daingin 's An Ceann"

"Bhí an Dá Bhealach ann, An Daingin 's An Ceann"

B'é Joe Sheáin Antaine, an fear deiridh a d'oscail Droichead an Daingin. Seo agallamh a rinne Meta Uí Mháille lena mhac Michael Ó Flatharta.

Cén uair a cuireadh droichead ar an Daingean?

Tá sé ag dul píosa maith siar, cheapainn go raibh Droichead an Daingin déanta in 1892, san áit céanna a bhfuil an droichead inniu, ach gur droichead adhmaid a bhí ann a d'fheadfaí oscailt le báid a ligean síos agus aníos. Sin iad na báid mhóra a bhíodh ag trádáil, ag tarraingt mhóna go h-Árainn agus stuif as Gaillimh ag siopaí. Bhí na báid ag dul an bealach sin i bhfad sular tógadh an droichead. Ní raibh ann ach bealach caol cam achrannach. Bhí sé i bhfad níos easca ag báid Ros Muc agus ag báid ón taobh sin dul síos agus suas thrí Dhaingean ná siar thar Ceann (Ceann Golaim). Bhí aistear fhada siar ach bhí sé glan. Cé go raibh an bealach trí Dhaingean anróiteach bhí sé níos gaire, bhí siad rite síos Cuan an Fhir Mhóir gan mórán achair agus bhí foscadh freisin ann. Ba faoi réimeas na Sasanach a tógadh an droichead agus siad muintir na h-áite a bhí ag obair air, bhí siad aniar as Garumna ann.

Chonaic mé pictiúir ag John Bhaba Jeaic, thiar san Ionad Oidhreacht, (fair play dó tá an-obair déanta aige) pictiúir den droichead nuair a bhí sé dá thógáil, na scafaill agus na clocha dá leagan agus na báid. Creidim go raibh na mná féin ag obair ann, ag tarraingt clocha briste i gcléibh ar a ndroim le truncáil an bhóthair a dhéanamh. Tá an obair a déanadh do-chreidte, obair chrua ar bheagán airgid agus obair atá ag seasamh go maith i gcónaí. Tá céibh bheag faoi Tigh Mhichael Jeaic, sin é an áit a raibh an bealach i dtosach.



Joe Sheáin Antaine

Déanadh í sin siar sa mbliain 1836 sul má bhí Daingean ná bóthar ann. Sin é an uair a raibh Ceantar na n-Oileán ina oileáin. Bheadh ort fanacht le trá le dul trasna an chara a bhí ann.

Céard faoi Na Brandaí?

Sin iad na mulláin atá ó dheas agus ó thuaidh den droichead mar mharcanna ar an áit a bhfuil an chuisle ag imeacht, mar threoir do na báid. Bhí na brandaí déanta sul má tógadh an droichead. Tógadh iad sin thart ar 1837, chúig cinn ó thuaidh den droichead agus sé cinn ó dheas. D'airigh mé ráite é gur é Máirtín Ó Flatharta a bhí ina chónaí in Eanach Mheáin a bhí ina ghanger nó foreman nuair a bhí na brandaí dá dtógáil. Tá mé ag ceapadh gur

mba de bhunadh Leitir Mealláin é. Sasanach a bhí san *engineer*, Clatchy an sloinne a bhí air. Is cosúil go raibh brandaí le cur ar charraigeacha eile sa gcuán freisin ach cailleadh nó báthadh Clatchy sul má bhí an obair ar fad déanta agus níor tógadh na cinn eile. Bhíodh na brandaí péinteáilte geal ar an taobh a bhí leis an gcuisle. Balfour a bhí ar an gcomhlacht a thóig Droichead an Daingin, Na Tráchtá agus na droichid eile.

Cérbh iad an dream a bhíodh ag oscailt an Daingin?

D’airigh mé ariamh gur fear a bhí sa Daingean a dtugadís Liamín air, gurb é sin an chéad fhear riamh a fuair an eochair. Liamín Mac Donnachadha, bheadh sé mar shean, shean athair ag Dermot Dáirbe. Bhain sé sin a phíosá féin as nó go raibh sé in am aige éirí as obair. An dara fear a thóig ansin é, Willie Tom Ó h-Annracháin, b’as Eanach Mheáin é Willie. Bhí cónaí air taobh thiar den droichead, síos ó Tigh Mhichael Jeaic. Bhí sé blianta fada ann agus ina dhiaidh sin sé a dheartháir Colm a thóig an job.

Tar éis do Cholm Annracháin éirí as, tairgeadh an job do m’athair, Joe Sheáin Antaine agus thóig sé é. Bhíodh sé ag obair leis an gComhairle Contae ar aon nós ar na bóithre. Níl mé siúrálte den bhliain ach is i dtús na gcaogaidí a thosaigh sé, agus bhí seisean ann nó gur stopadh ag oscailt an droichid. D’airínn m’athair a’ rá go mbíodh thart ar trí scóir bád ag dul trí Dhaingean lena linn féin. Ní báid mhóra ar fad, bhíodh go leor gleoteoga agus púcáin ann. Bhí púcán i chuile theach. Bhíodh portaigh ag muintir Leitir Móir agus an taobh seo tíre i mBéal a’Daingin agus b’shin bealach le móin a thabhairt anuas, agus ritheadh siad corr lucht le púcáin go h-Árainn amach ag deireadh na bliana, le lucht éisc a cheannacht nó móin a bhabhtáil ar iasc.

Céard iad na rialacha a bhain leis an droichead?

Is de réir an taoile a bhí uaireanta oibre. Ní

raibh cead an droichead a oscailt ó théadh grian faoi nó go n-éiríodh grian ar maidin. Tá mé ag ceapadh gur sé lá a bhíodh ann ach ní raibh aon obair ar an Domhnach. Tríphunt sa mí a bhíodh sé fháil as a bheith ag oscailt an Daingin. Bhí cheithre ghlas ar an droichead, péire taobh thiar agus péire taobh thoir ar chaon taobh den droichead a bhí le baint de leis an droichead a chasadh. Bhí geata le cur suas ar chaon taobh den bhóthar sul a n-osclófaí é. Ba le halmadóir a chastaí an droichead. Bhí cuailí teileagraif an-ard taobh thoir agus taobh thiar den droichead chun na sreanga a choinneáil níos airde ná crainn na mbád seoil. Bhíodh feiceáil maith ar na báid a bhíodh ag teacht aníos an cuan le go mbeadh an droichead oscailte rompu ach ní raibh an feiceáil céanna ar na báid a bhíodh taobh thuas ach bhíodh fhios ag chaon chuid acu cén uair a mbeadh taoile ann. Amach ar *bhicycle* a théadh sé as Cruiminne anseo. Ní raibh bád ar bith a chuaigh síos le lucht nach raibh lucht éigin eile ag teacht arais aici agus bhíodh taoile mhaith ag teastáil le dul trí Dhaingean.

Is minic a chuala mé m’athair a rá, ar an triú lá de rabharta, ag a cúig a chlog ar maidin go raibh snámh bád mór sa Daingean. D’airigh mé go minic é rá gurb í bád Phádraig Ghriallais as Muiceanach an bád mór deireadh a chuaigh an Daingean le móin. B’shin é 1960 cheapainn. Tá mé ag ceapadh go ndeachaigh báid eile ann ina dhiaidh sin a raibh deis orthu leis an gcrann a leagan agus a chrochadh arís ina dhiaidh sin. Ní fhaca mé féin an droichead oscailte riamh, bhí mé ró óg. Ansin i 1969 baineadh an seandroichead adhmaid anuas agus an fearas a bhí faoi a gcasfaí an droichead air.

Ba mhinic an sean dream a rá go raibh sé i dtairngreacht Cholmcille.





8.



14.



15.



9.



10.



16.



11.



17.



18.



12.



13.



19.

Scléip na Féile Cill Chiaráin 2011

Lch. 21:

1. Orla Leavy
2. Máirín Bolastrom & Margaret Ann Uí Chonaire
3. An Ollamh Gearóid Denvir
4. Katie Ní Shúilleabháin
5. Daltaí Scoil Náisiúnta Naomh Chiaráin, Chill Chiaráin
6. John Bhaba Jeaic Ó Confhaola
7. Colm Ó Mealóid ag 'An Stíl Mar a Bhí'

Lch. 22:

8. Comóradh Buaiteoirí Gradam an Phléaráca:
Nóra Uí Cheannabháin (ar son Michael Mháire Ghabha), Pádraig Tom Photch Ó Ceannabháin, Máirtín Tom Sheáinín, Treasa Bn. Uí Chonaire (Coiste Choláiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh), Tom a' tSeoighe, Sonai Choilm Learaí Ó Conghaile, Máirín & Joe Steve Ó Neachtain, Eddie Bheartla Ó Conghaile, Máire Seoighe, Philomena Uí Chonghaile, Eileen Bairéad & Réamonn Ó Mainín (Coiste Choláiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh), Risteard Mac Aodha, Máire Bn. Uí Chonaola, Ciarán Ó Cualáin (ar son Séamas Ó Cualáin)
9. Comórtais na nÓg
10. Mattie Joe Sheámuís Ó Fátharta & Éanna Mac Cába
11. Deirdre Uí Chualáin & Ann Uí Chualáin
12. Daltaí Scoil Náisiúnta na hÁirde Móire
13. Sonai Choilm Learaí Ó Conghaile

Lch. 23:

14. Maria Auletta ón Sorcas Beag & Jeaic Ó Cualáin
15. Máirtín Tom Sheáinín Mac Donnacha
16. Bernie & Erin Seoighe, Meta Uí Mháille & An Seandóir Trevor Ó Clochartaigh
17. Áine Lally
18. Síofra Barker
19. Annie Devaney


Lch. 24:

20. Beartla Broc ag Taispeántas na nÓg
21. Jackie Mac Donncha
22. Gearóid Ó Dubháin
23. Coiste na Féile 2011
24. Paddy Mhéime Ó Súilleabháin
25. Coleen Ní Níaidh
26. Rosaleen Ní Shúilleabháin
27. Ned Ó Droighneáin & Pádraig Tom Photch Ó Ceannabháin

(Grianghraif le Seán Ó Mainín)



20.



21.

Cuimhní Cinn ar an bPléaráca

Cuimhní Cinn ar an bPléaráca

Beartla M. Ó Flatharta
(Máirtín Bheartla Choilm Phádraig Rua)


*Neart inár ngéag,
fírinne inár gcroí,
& beart de réir ár mbriathar!*
- Oisín, Geamaireacht an Phléaráca.

Aisteach go leor, cé gur le drámaíocht is mó atá ceangal agamsa leis an bPléaráca thar na mblianta, bhí ról eile agam nuair a chur mé aithne ar an bhFéile i dtosach.

Bhí Féile an Phléaráca beo beathach ar fud Chonamara nuair a tumadh isteach i ndomhan aerach an Phléaráca mé don chéad uair sa bhfómhar i 1998. Bhí an t-ádh dearg orm mar go rabhthas ag obair ar an gclár faisnéise *Pobal & Pléaráca* ag an am faoi stiúir Johnny Gogan (Bandit Films) agus á léiriú ag Brian Ó Cróinín.

Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an bhfáilte, an fhlaithiúlacht, an fuinneamh agus an spiorad a bhí thart ar an bhféile ag an am i measc lucht riartha agus eagraithe na féile, i dteannta, na daoine a bhí rannpháirteach ann idir ealaíontóirí agus lucht féachana. Is beag nár lasadh Tigh Sé ar an gCeathrú Rua leis an méid sin aithinneachaí a baineadh as na cláir thiar ann agus d'fhéadfaí tine phortaigh a mhúchadh leis an méid allais a cuireadh thiar i mBéal an Daingin nuair a bhí na Sawdoctors ag casadh Tigh Darby.

Bhí spiorad san aer mar a bheadh macnas ann agus bhí sé de phribhléid agam *Oisín*, Geamaireacht an Phléaráca a léiriú don stáitse i 2004. B'iad Jackie Mac Donncha, Seán Ó Loideáin agus Seán Leainde (beannacht Dé leis) a chuir peann le pár agus a chruthaigh *Oisín* le Diarmuid De Faoite i mbun eagarthóireacht scripte. Bhí scór sa chliar agus scór eile ag obair leis an léiriúchán agus tháinig siad as chuile chearn. Is san Ionad Fiontair i Ros Muc a chaith muid oícheantaí fada Geimhridh ag cleachtadh ionas go mbeadh muid faoi réir don stáitse san Earrach.



Póstaer Geamaireacht Oisín
(Póstaer deartha ag Siobhán Ní Mhuiri)

Nach minic ar baineadh rachtanna gáire asainn ansin is muid ag obair ar an aisteoireacht, an stáitsíocht agus an cur i láthair le chéile. Thaistil an Gheamaireacht ó Chill Chiaráin, Tír an Fhia, An Cheathrú Rua, Corr na Móna, Sailearna, An Taibhdhearc, Inis Oírr, Inis Meáin, Ráth Cairn, BÁC agus chríochnaigh sí sa Chrannóg i Ros Muc. Caithfear é a lua go bhfuair muid tacaíocht den scoth agus aire na huibhe ó Pheigí Ní Chonghaile agus ó Meta Uí Mháille ag an am.

Nuair a thosaíonn duine ag smaoineamh siar nach iontach an rud é ar bhealach an méid atá déanta agus atá bainte amach. Cuimhním ar na Campaí Samhraidh *Beocht* agus an spraoi a bhíodh againn agus ag na gasúir le Sinéad Ní Ghuidhir, Padraic Ó Flatharta & Áine Ní Fhlatharta. Is deacair dearmad a dhéanamh ar an léiriú álainn a bhí againn de *Sáile* in Amharclann Chois Fharraige i 2006 nuair a bhí Leabhar Mór na



22.



24.



25.



20



27.



Oisín - Cuid don Chliar & Foireann

Gaeilge/Gáidhlig ar chamchuart ar fud na tíre agus taispeántas de ag an bPléaráca. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an gcraic a bhí againn nuair a fuair Danny Wallace crann ar iasacht, an canbhás a ghearr sé, na póilíní a fuair sé agus na rópaí a cheangal sé le macasamhail de ghleoteog a chur ar an ardán. Bhí againn í a thabhairt siar ag na rástaí ag Féile an Dóilín! Cuimhním go minic ar Ghriogair Labhraidh, an tAlbanach a bhí mar rí an cheoil ann lena chuid ríleanna Albanacha ar na píobaí, ba bheag nár leag sé an teach leis an ardú agus meanma croí a bhí ann ag deireadh na hoíche.



Fionn Mac Cumhal - Tommy Khate Ó Mainín

I gcroílár na hoibre atá ag an bPléaráca, tá an Óige. Is go deimhin, tá sé amhlaidh linne chomh maith agus tá comhpháirtíocht drámaíochta ar siúl i gcónaí eadrainn. Bhí Padraic Ó Flatharta mar áisitheoir drámaíochta ar Réaltóga agus mar Dhrámadóir Cónaitheach i Scoil Chuimsitheach Chiaráin anuraidh. Domsa, is mé ag cuimhneamh ar an bPléaráca ní féidir ach smaoineamh ar an bhfoireann, ar na pearsa a bhí agus atá ag obair san eagraíocht ó thús aimsire agus ó lá go lá go dtí an lá atá inniu ann agus ar ndóigh na daoine, bail ó Dhia orthu, a thugann a gcuid ama go deonach is go fial flaithiúil don eagraíocht. Cuimhním ar an bhfáilte a chuirtear roimh dhaoine, an muigin tae, an crua-chaint agus an dea-chaint, an díospóireacht, an saothar chun oibre, an saothar a théann san obair chun seirbhísí pobail agus imeachtaí Ealaíon a chur agus a choinneáil sa tsiúil. Bunaíodh Féile an Phléaráca i 1991 agus Pléaráca Teo., i 1993 agus iad go mór i mbéal na ndaoine i gcónaí. Sin scór bliain ar an bhfód idir an péire acu, an gcreidfeá sin? Go maire sibh scór agus tuilleadh leis!

Seán Leainde:

Níl sé ceart is dócha a bheith ag trácht ar dhuine amháin thar duine eile mar gur chuir chuile dhuine beo croí agus anam isteach sa léiriú. Ach ba mhinic níos mó a bheith ag tarlú ar chúl stáitse ná ar an stáitse agus bhí sé de phléisiúr agam a bheith bealach a thabhairt siar is aniar do Sheán



Seán Leainde

Leainde ag cleachtaí. Is mura ndearna muid neart bladarála le chéile agus gairí ní lá go maidin é. Bhíodh muid ag comhrá ar dhrámaíocht seasta agus ag plé na scrípte go minic le bealaí a aimsiú chun carachtair nó radhairc a neartú.

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an tráthnóna a raibh muid ag dul siar go Ros Muc agus dúirt sé "Mo chuimhne, a Bheartla an bhfuair tú deis an fhadhb sa radharc sin leis an tine a réiteach?" Ag pointe sa scéal, bhí deacracht ag na Fianna bochta seo borradh a chur faoin tine ina gCampa! Ach ar aon chaoi, dúras le Seán nach bhfuair agus go deas staidéarach chas sé chugam agus deir sé "Meas tú nach gcuirfeadh Conán Maol in aer an tine?" Bhí an pháirt sin aige sa Gheamaireacht. "Cén chaoi?" a dúras. D'fhreagair sé mé agus meangadh gháire ar a bhéal "Meas tú nach ndéanfadh Conán Maol an beart agus broim a scaoileadh uirthi!" Is beag nár chuir mé an carr den bhóthar.

Duine ar bith a chonaic Seán Leainde ar an ardán thuigfeadh siad an cumas aisteoireachta agus an cumas grinn a bhí ann. Bhí fíor thuiscint rithime aige ar an ardán. Ach leis sin, bhí taobhanna eile leis an bhfear, bhí croí mór aige, meabhair intinne agus tráthúlacht chainte a bhí deacair le sárú. Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dó ar stáitsí agus ar chúl stáitsí na bhflaitheas.

Ceara Conway

Fós ag Fás

Cuireadh ceist orm píosa gairid a scríobh faoin obair a rinne mé le Pléaráca agus mo thréimhse cónaithe le Suzanne Lacy i Los Angeles. Ag smaoineamh ar na blianta sin, an rud is mó a sheasann amach dom ná an méid a d'athraigh mo chuid smaointe agus mo chuid modhanna oibre maidir le hEalaín Pobail.

D'fhill mé ar an tír seo i 2005 agus mé lán le smaointe agus le fuinneamh. Ag an am sin bhí roinnt taithí faighte agam i nDún Éideann, le ArtLink agus The Whale Arts Centre, agus chomh maith leis sin, bhí cáilíocht iar-chéime agam in Oideachas san Ealaíon Pobail ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Fuair mé deiseanna iontacha ó Ealaín na Gaeltachta, agus ó ionaid cosúil le Pléaráca. In 2006 agus 2007, rinne mé dhá thionscadal mór le Pléaráca, "Ó Ghluín Go Gloine" agus "Daoine agus Dreach."

Is cuimhin liom go raibh Meta Uí Mháille agus Peigí Ní Chonghaile an-oscailte agus gur thaitin leo cloisteáil faoi smaointe nua-aimseartha a bhí agamsa agus ag ealaíontóirí eile. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí deis d'ealaíontóirí a gcuid ábhar a fhiosrú agus nach mbeadh an bhéim ar fad ar an toradh. Thug siad tacaíocht iomlán dom i gcónaí. Tá go leor oibre déanta



Ceara Conway



Ón togra le Suzanne Lacy

agam ar fud an domhain, agus caithfidh mé a rá go raibh Pléaráca chomh gairmiúil agus go raibh comhlúadar iontach agam ann. Tá sé cosúil leis an teaghlach sa bhaile, nuair a bhuailéann mé siar go Ros Muc níl aon 'airs ná graces' ann. Tá a gcuid cosa ar an talamh agus a gcroí san áit cheart. Is iontach an áit é d'ealaíontóir ar bith mar go bhfuil gaol ag an bpobal leo agus go bhfuil muinín astu.

Chun barr feabhais a chur ar mo chuid oibre, caithfidh mé breathnú siar agus mo chuid oibre a cheistiú. In 2011, cheistigh mé céard a spreag mé, agus cén fáth. Sin é an fáth ar chas mé leis an ealaíontóir Suzanne Lacy. Is ealaíontóir idirnáisiúnta í, agus tá clú agus cáil bainte amach aici ar fud an domhain maidir lena cuid oibre. Tá obair déanta aici don Guggenheim, An Tate, An Getty Museum agus neart áiteanna eile. Bunaíonn sí a cuid oibre ar ábhar cosúil le foréigean agus le éigniú. Thapaigh mé an deis agus scríobh mé chuici. D'inis mé di céard a bhí bainte amach agam, faoi mo chuid scileanna, an méid suime a bhí agam ina cuid oibre agus d'fhiafraigh mé an bhféadfainn obair in éineacht léi. Agus ghlac sí liom! Fuair mé tacaíocht iontach ó FUND IT agus on gComhairle Ealaíon, agus bhuail mé anonn go

Los Angeles ag obair ar feadh trí mhí. Ní féidir a chur i bhfocal an méid a d'fhoghlaim mé. Fuair mé tuiscint ar na bealaí a n-oibríonn coimisiúin ar scálaí móra millteacha agus ar an gcaoi a n-oibríonn comhrá coireagrafaíochta mar phíosa ealaíne. Múinteoir iontach a bhí inti agus d'fhoghlaim mé chomh maith cé go raibh scileanna iontacha agus éagsúla aici go raibh an oiread céanna smaointe agamsa agus a bhí ag Suzanne.

Feicim anois go bhfuil mo stíl oibre ag athrú. An rud is tábhachtaí domsa anois ná go mbeadh níos mo béime agam féin in san dearadh. Tá níos mo muiníne agam i m'aighe féin agus níos lú béime agam ar mhúineadh scileanna. Tá mé ag obair ar chúpla tionscadal nua faoi láthair. Tá mé ag obair le lucht Iarrtha Tearmainn agus ar thogra eile le Heather agus Dan Ackroyd, beirt ealaíontóirí a rinne obair do Chluichí Oilimpeacha na bliana seo. Ar bhealach, amhail is mó oibre a dhéanann mé, is mo aithne a chuireann mé orm féin. Tá mé oscailte d'athrú agus téann mé sa seans.

<http://www.wix.com/cearaconway/artist>



Ón togra le Suzanne Lacy

Ríonach Ní Néill

Damhsóir

Thosaíos ag obair le Pléaráca i 2008, mar rinceoir cónaithe sa phobal. Is cuimhin liom go maith an t-aistear fada as Baile Átha Cliath, an timpeallacht ag éirí níos áille, gur shroicheas Ros Muc. Mo chéad turas chuig an nGaeltacht! Ag obair le Majella Ní Chríocháin (a bhí ina hOifigeach Ealaíon do Phléaráca ag an am), Peigí Ní Chonghaile agus Meta Uí Mháille, mhúineas rince comhaimseartha agus cruthaitheach do ghasúir idir aois 3 agus 16 agus do dhaoine fásta, i dTír an Fhia, Ros Muc, agus ar an gCeathrú Rua. Caithfidh gurb é an stiúideo rince is áille ar domhain ná clós Scoil an Chnoic óna bhfuil radharc ar an bhfarraige. Thug an grúpa déagóirí ainm orthu féin - Na hEalaí Óga - agus léiríomar tograí rince don phobal i gColáiste Éinne, Scoil Chiaráin agus le linn fhéilte an Phléaráca. Chan Ciarán Ó Conncheannáin 'An Mhaighdean Mhara' le linn cheann de na tograí rince, a ghuth binn á spreagadh. Is leis an ngrúpa seo a thosaigh Eoin Mac Donncha ag rince, atá ina rinceoir proifisiúnta san Eilbhéis anois. Ag na campaí samhraidh rince a reáchtáil muid, mhúin Pádraig Ó hOibicín rince ar an sean-nós agus ba mhór an chraic na gasúir a fheiceáil ag rince sa Chistin ina dhiaidh.



Seandálaíocht

Is le Pléaráca a fuair mé an deis tosú ag cóireagrafaíocht dhom féin. D'iarr Majella orm fhéin agus ar Sheosamh Ó Neachtáin dísead a chumadh don fhéile. Ba mhór an dúshlán é nascadh a fháil idir rince comhaimseartha agus an rince ar an sean-nós ach fuaireamar i Miles Davis é agus as sin a tháinig 'Miles Milis'. I 2001 thug Pléaráca mo chéad choimisiún dhom agus chruthaíos 'Seandálaíocht'. Tá guthanna pháistí Scoil an Chnoic agus glór Áine Ní Dhonncha le cloisteáil ann scáth an chorr éisc agus seolta húicéara le feiceáil agus is mé á rince le deich mbliana anuas ag féilte ar fud na tíre, i Sasana agus sa Ghearmáin, mothaím go bhfuil áilleacht agus fáilte na háite fós liom. Mo mhíle buíochas le Pléaráca.

Eoin Mac Donncha

Damhsóir



Naoi mbliana déag d'aois a bhí mé nuair a thuig mé gur theastaigh uaim bheith i mo dhaimseoir gairmiúil. Beart neamhghnáthach is dócha a bhí ann do bhuachaill ó iarthar na hÉireann. Bhí rud éigin ag insint dom gurb é seo a bhí ndán dom. Ní fhaca mé aon fiúntas sa "ghnáth oideachas" ná pé post a thiocthadh as.

Thosaigh m'aistir i Scoil Chuimsitheach na Ceathrún Rua nuair a thosaigh mé ag glacadh páirt i ranganna damhsa a chuir Ríonach Ní Néill ar bun sa scoil. Ar ndóigh, mar gur mé an t-aon bhuachaill a bhí ag glacadh páirt, bhí ag magadh fúm. Mar sin féin, dúirt Ríonach go bhfaca sí go raibh bua agam agus d'impí sí orm coinneáil leis an damhsa agus fiú tuilleadh oiliúna



a lorg. Níor thuig mé an comhairle sin ag an am, ach blianta ina dhiaidh sin d'aithin mé gurb é an damhsa a theastaigh uaim mar ghairm.

Thosaigh mé ag déanamh taighde ar dhamhsa. Bhailigh mé eolas faoina lán daimhseoirí ag dul siar céad bliain roimhe sin, daimhseoirí a bhain clú agus cáil amach agus go deimhin saibhreas chomh maith.

Fuair mé eolas faoi scoil i mBaile Átha Cliath a chuir traenáil i mbun leibhéil Bailé Clasaiceach agus Damhsa Nua-Aimseartha ar fáil. Ghlac an scoil sin liom agus fuarthas an-traenáil uathu. Tar éis dhá bhliain a chaitheamh leo, glacadh liom sa scoil bailé ardghradaim Rambert, i Londain.



Tar éis áit a ghlacadh i Rambert thuig mé gur thosaigh formhór na daimhseoirí nuair a bhíodar óg, ach mar sin féin, choinnigh mé leis. D'fhanfadh mé deireanach ag cleachtadh sna hoícheanta. Dhéanfainn na gnáth rudaí sa bhaile – ithe, ól, siopadóireacht, ach nuair a bhí an dream eile sa teach ina gcodladh d'éalóinn go dtí an seomra mór chun tuilleadh cleachtadh a dhéanamh, scaití go dtí an dó a chlog ar maidin. Tháinig feabhas orm go sciobtha agus thosaigh daimseoirí agus múinteoirí do mo thabhairt faoi deara. Ag deireadh mo chéad bliana, bhí sé d'onóir agam damhsa sa Royal Opera House, os comhair lucht féachana de 2,300, an bhanríon Eilís ina measc. Is mise an chéad mac léinn de chuid Rambert a rinne a leithéid. Bhain mé céim le céad onóracha amach tar éis trí bliana i Rambert. Ar mo lá deiridh ann, ag an seó do bhronnadh na gcéimeanna, fuair mé cuireadh ó stiúrthóir bailé as an nGearmáin, dhá bhliain a chaitheamh ar chonradh do dhaimhseoir aonarach sa tír sin. Chas mé lena lán daimhseoirí an fhad is a bhí mé ansin agus ghlac mé ionsporáid uathu. Tar éis an Ghearmáin chuaigh mé dtí an Eilbhéis, an áit a bhím ag damhsa faoi láthair.

Fuarthas deis damhsa in amharclann halla na cathrach anuraidh agus in áiteanna i bhfad ó bhaile ar nós Hong Kong agus an Astráil. Táim thar a bheith buíoch as an lá fadó a tháinig Ríonach Ní Neill go dtí an Scoil Chuimsitheach. Táim sona sásta i mo ghairm. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith, le mo thuismitheoirí Johnny Jimmy agus Bairbre Mc Donagh agus mo mhuintir ar fad as ucht an tacaíocht a thugadar dom thar na blianta.

Linda Bhreathnach

Aisteoir

Chuir mé spéis riamh san aisteoireacht agus bhí an t-ádh orm go raibh Pléaráca Chonamara ar leac an dorais agam agus mé ag éirí aníos i Ros Muc. Is maith is cuimhin liom a bheith ag glacadh páirte i ngeamaireachtaí an Phléaráca is mé ag dul ar scoil agus sheas an taithí sin dom nuair a thug mé faoi ghairm na haisteoireachta go lán-aimseartha.

Ceann de na gnéithe is deise a bhaineann le léirithe an Phléaráca ná go mbíonn pobal láidir páirteach iontu idir sean agus óg, ar an stáitse agus ar chúl stáitse chomh maith.



Linda Bhreathnach

Úna Ní Cheannabháin (Bairéad)

Le Mairéad Ní Cheannabháin (deirfiúr Úna)

I 1972 a rugadh Úna i nDoire Iorrais. Ba í an dara clainne í ag Michael agus Mary Anne Canavan. Bhí beirt deirfiúr agus deartháir aici, Máire, Colm agus Mairéad. D'fhreastail sí ar Scoil Náisiúnta Naomh Ciarán i gCill Chiaráin agus ansin chuaigh sí ar aghaidh chuig Gairmscoil na bPiarsach i Ros Muc. Is iomaí cara a bhí ag Úna agus í sa nGairmscoil agus fuair sí oideachas den scoth ansin. Ba í Caitlín Uí Chonaola, nach maireann, a bhí ina príomhoide sa scoil ag an am. Nuair a bhí Úna sa gceathrú bliain scríobh sí aiste faoi Chomhphobal na hEorpa. Bhuaigh sí comórtas aistí agus ba é an duais ná turas chuig ceanncheathrú an Chomhphobail Eorpaigh sa mBriséil. Thaitin an scoil le hÚna agus bhí sé i gceist aici dul ar aghaidh agus freastal ar choláiste. Rinne sí amhlaidh ach ba ghearr gur thuig sí nár thaitin saol an choláiste léi. Chuaigh sí go Meiriceá ar feadh bliana agus nuair a d'fhill sí fuair sí amach go raibh Pléaráca Teo. tagtha ar an saol.

Bhí Pléaráca ag reáchtáil Scéim Fostaíochta Pobail. Ghlac Úna páirt sa gcéad scéim a mhair ar feadh trí bliana. Chuir an eagraíocht béim ar úsáid na n-ealaíon i gceantar tuaithe. Bhain Úna an-sult go deo as an scéim. Ní hamháin go bhfuair sí oiliúint den scoth i gcúrsaí ealaíon agus i gceardaíocht, chuir sí aithne ar dhaoine a bheadh ina dlúthchairde aici an chuid eile dá saol; Bríd Ní Chartúir, Tommy Cevan Ó Niadh, Turloch O'Connor, Seán Leainde, Bridgie Uí Niadh, Bridgie Uí Fhiannachta, Colm De Bhailís, Fionn Ó Sealbhaigh, Brian Ó Croinín, agus go leor eile. Ghlac lucht na scéime páirt i ndrámáíocht agus i bpuipéadóireacht, d'fhoghlaim siad scileanna físe, closamhairc agus agallóireachta, théidís ar chamchuidirteanna ar fud na tíre agus thar lear agus ghlacaidís páirt i bparáidí. Thug Úna agus a cairde ó Phléaráca cuairt ar an mBriotáin bliain amháin mar chuid den scéim agus thaitin an áit go mór léi. Chloisinn Úna ag caint go minic ar an gcaic agus ar an spraoi a bhíodh aici féin agus ag na daoine eile a bhí páirteach sa scéim.

Nuair a chríochnaigh Úna an scéim le Pléaráca fuair sí áit ar chúrsa físe i nGaoth Dobhair. Bhí Teilifís na Gaeilge díreach tagtha ar an saol agus eagraíodh an cúrsa chun oiliúint a chur ar dhaoine i gcúrsaí físe. Is cinnte gur chabhraigh an oiliúint ar fad a fuair sí ar an scéim fostaíochta pobail léi áit a bhaint amach ar an gcúrsa. Chaith sí roinnt míonna ag freastal ar an gcúrsa sin agus díreach ina dhiaidh fuair sí post i Teilifís na Gaeilge. Ní raibh an stáisiún ach cúpla mí ar an aer nuair a thosaigh Úna ag obair ann. Chaith sí beagnach chúig bhliana déag ar fad ag obair ann. D'oibrigh sí ina maor craolacháin agus bhí sé de dhualgas uirthi an sceideal a choinneáil ar an aer. Post dúshlánach agus teicniúil a bhí ann a raibh



Úna lena fear céile Tom



Siúlóid urraithe ar mhaithe le hOspidéal na hOllscoile


an-bhrú ag baint leis ach bean éirimiúil agus stuama a bhí inti agus thaitin an cineál sin oibre léi.

I 1999 a casadh Úna agus Tom ar a chéile. Thit siad i ngrá agus phós siad sa Róimh, áit ar casadh an Pápa Eoin Pól II orthu. Thóg siad teach i Ruisín a'Chaladh, Carna. Bhí Úna sona sásta ina teach nua agus bhí áthas an domhain uirthi féin agus ar Tom nuair a rugadh Abaigh ar dtús, agus ansin Nora agus Páraic. Bhí an saol go maith ach faraor d'athraigh chuile shórt in 2010 nuair a fuair Úna go dona tinn. Fuair muid amach gur ailse a bhí uirthi. Throid Úna go cróga ach in ainneoin na crógachta sin fuair an galar an ceann is fearr uirthi agus d'éag sí an 2ú Bealtaine 2011.

I mí Bealtaine na bliana seo, d'eagraigh Tom agus roinnt de chairde agus de mhuintir Úna siúlóid urraithe ar mhaithe le hOspidéal na hOllscoile, Gaillimh. Ghlac na céadta duine páirt sa tsiúlóid agus bailíodh €16,900. Tá súil againn go mbeidh

sólás le fáil ag duine nó ag clann éigin as an airgead sin.

Airíonn muid uainn Úna go mór agus tá ár gcroí briste. Tógadh uainn í go hóg, ach mairfidh sí inár gcroí agus inár gcuimhne go deo.



Plaic Chuimhneacháin



Úna lena cuid gasúir



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

Nuachtán bríomhar, seachtainiúil Gaeilge

Déan fógraíocht linn

facebook.com/gaelscal

twitter.com/gaelscal

www.gaelscal.ie

Déan teagmháil le Patricia

+353(0)91 558420

fograi@gaelscal.ie

An Chuasnóg, Baile Ard, An Spidéal, Co na Gaillimhe.



Clár Féile Phléaráca 2012

21 - 23 Meán Fómhair

DÉ hAOINE 21/09/12

1.00 i.n.	SEOLADH TAISPEÁNTAS NA NÓG Ionad: Scoil Mhuire An Tuairín Saothar ealaíne ó dhaltaí S.N. Mhuire An Tuairín. Sé Danny Wallace an t-ealaíontóir a bhéas ag obair leo ar an tionsamh. Á shedadh ag: Pól Ó Gríofa . Beidh siamsaíocht do dhaltaí na scoile i ndiaidh an seoladh.	7.30 i.n.	OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE Ionad: An Hooker, Eanách Mheáin Seó Solas & Tine le Stephen McGinley Á shedadh ag Michéal Ó Conghaile Fear an tí: Máirtín Tom Sheáinín 8.30 i.n. Peigí Ní Chonghaile ag seoladh Iris 'Pléaráca' Bronnadh Gradam an Phléaráca Seisiún ceoil le Brian Terry Mac Donnchadha & ceoltóirí áitiúla.
-----------	--	-----------	---

DÉ SATHAIRN 22/09/12

12.00 - NÓS 1.00 i.n.	CEARDLANN DAMHSA AR AN SEAN-NÓS Gailf Oileán Chonamara, Eanách Mheáin Teagasóir: Tura Arutura Táille €10 Daoine fásta, €5 Gasúir	5.30 i.n.	FÉITH NA HEALÁINE Seoladh Taispeántas Ealaíne le ealaíontóirí ó Cheantar Chonamara Á shedadh ag Peadar Ó Madáin Ionad: Gailf Oileán Chonamara
2.00 i.n.	TURAS GO INISTREABHAIR Céiliúradh ar sad an Oileán. Beidh siúlóid le Pádraig Ó Conghaile timpeall an oileán agus píosa cainte faoi stair an oileán. Ceol agus soláistí faoi aer. Báid ag fágáil Cábh Eanách Mheáin ag 2.00 i.n. <i>Moltar do dhaoine seoiad tarrthála fhéin a thabhairt leo.</i>	7.00 i.n.	SCEITSÍ DRÁMAÍOCHTA Taispeántas drámaíochta ó dhumann & aisteoirí áitiúla. Ionad: Teach an Daingin, Béal an Daingin
		9.00 i.n.	OÍCHE CHEOIL I dTEACH AN DAINGIN Bannaí: Fáidín Meara, A Band Called Wanda & Tura Arutura

DÉ DOMHNAIGH 23/09/12

11 r.n.	AIFREANN NA FÉILE Séipéal Naomh Bantiarna Lourdes & Naomh Chalmille, Leitir Mór. Á dhradadh beo ar Raidió na Gaeltachta.	6.00 i.n.	SEISIÚN ÁIRNEÁIN Beidh idir amhráin, scéalta agus filíocht dá gcasadh agus dá rá. Ionad: Teach an Daingin, Béal an Daingin Fear an tí: Briocán Bairéad
12.00n.	COMÓRTAIS NA NÓG do ghasúir bunscoile agus meánscoile Ionad: Gailf Oileán Chonamara, Eanách Mheáin Bean an tí: Caitríona Ní Chonada Ceol: Seán Óg Ó Flaithearta Táille €5 - Rogha uirlisí ceoil. - Damhsa ar an sean-nós. - Amhránaíocht ar an sean-nós.	8.00 i.n. DO	COMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS DHAOINE FÁSTA Ionad: Teach an Daingin, Béal an Daingin Bean an tí: Máire Treasa Ní Cheallaigh Ceoltóir don Chomórtas: Johnny Connolly Táille Iontrála: €5 Ceol: Beartla Ó Domhnaill & Ceann Gdaim An dhéad duais don Chomórtas: Cupán bránnta ag Sonai Cháilm Learaí Ó Conghaile & a Chlann agus €300 bránnta ag Michéal Foley .
3.00 i.n.	TRÁTH NA SCANNÁN Scannáin le Breandán Feiritéar á dtaispeáint - 'Trá dár Sad' agus 'An Baile Aerach'. Ionad: Gailf Oileán Chonamara, Eanách Mheáin.		



Máirtín Tom Sheáinín
Fear an tí ag
Oscailt Oifigiúil Na Féile
san Hooker Bar ag 7.30 i.n.



Peigí Ní Chonghaile
ag seoladh Iris 'Pléaráca'
ag Oscailt Oifigiúil Na Féile
ag 8.30 i.n.



Danny Wallace
Taispeántas na nÓg
S.N. Mhuire An Tuairín
Dé hAoine ag 1.00 i.n.



Stephen McGinley

Seó Solas & Tine

An Hooker Bar, Eanách Mheáin
Dé hAoine ag 7.30 i.n.

Cuireann Stephen ceachtanna i scileanna sorcais ar fáil trí mheán na Gaeilge atá feiliúnach do ghrúpaí líofa nó do dhaoine ar bheagán nó le roinnt Gaeilge. Tá traenáil, ceardlanna agus taispeántais déanta aige ar fud na hEorpa. Tá sé freisin ar Bhord Stiúrtha Sorcas Pobail na Gaillimhe.




Bronnfar Gradam an Phléaráca Dé hAoine ag an Seoladh Oifigiúil

Pól Ó Gríofa

ag seoladh Taispeántas na nÓg
Dé hAoine ag 1.00 i.n.

Is as Poll Uí Mhuirinn i Leitir Mór é Pól. Thosaigh sé ag aisteoireacht le Pléaráca i 1996. Is dócha gur mó aithne atá air mar Mack sa sobaldráma Ros na Rún. Tá sé pósta le Peggy Ní Chadhain agus tá beirt bhuachaillí óga acu, Eoin atá 7 agus Seosamh, 4 agus tá cónaí orthu i Leitir Mór.



Micheál Ó Conghaile

As Inis Treabhair i gConamara ó dhúchas do Mhicheál Ó Conghaile ach tá sé ina chónaí in Indreabhán anois. Tá sé aitheanta ar dhuine de phríomhscríbhneoirí próis na Gaeilge. Bhunaigh sé Cló Iar-Chonnachta, comhlacht foilsitheoireachta litríochta agus ceoil sa bhliain 1985.

Is é údar an leabhair Conamara agus Árainn 1880 - 1980: Gnéithe den Stair Shóisialta a fuair Irish Book Award sa bhliain 1988.

Is mar scríbhneoir cruthaitheach is mó aithne air, go háirithe ó foilsíodh a dhara cnuasach gearrscéalta An Fear a Phléasc (1997), an t-úrscéal Sna Fir (2000) a bhí ar ghearrliosta Dhuais Liteartha The Irish Times, an nóibhille Seachrán Jeaic Sheáin Johnny (2002), agus An Fear nach nDéanann Gáire (2003). Tá gearrscéalta le Micheál aistrithe go teangacha éagsúla – Albáinis, Rómáinis, Cróitis, Ioruais, Polainnis, Gearmáinis agus Béarla ina measc.

Tá spéis ag Micheál sa drámaíocht ó bhí sé an-óg agus bhíodh sé páirteach i ndrámái i gColáiste Éinde, i gColáiste na hOllscoile Gaillimh (OÉG) agus i dTaibhdhearc na Gaillimhe ag tús na n-ochtóidí.

OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE

Ionad: An Hooker, Eanách Mheáin
Dé hAoine ag 7.30 i.n.
á sheoladh ag Micheál Ó Conghaile

Grianghraf le Máire Uí Mhaicín



A Band Called Wanda

OÍCHE CHEOIL I dTEACH AN DAINGIN

Dé Sathairn ag 9.00 i.n.
Bannaí: Fóidín Meara, A Band Called Wanda & Tura Arutura



Scéitsí Drámaíochta

Dé Sathairn ag 7.00 i.n.

Teach an Daingin

Seo taispeántas ar cheird na drámaíochta ó chumainn agus aisteoirí áitiúla.



TRÁTH NA SCANNÁN

Dé Dómhnaigh ag 3.00 i.n.

Gailf Oileán Chonamara, Eanách Mheáin.
Scannáin le Breandán Féiritéar á dtaispeáint - 'Trá dár Sad' agus 'An Baile Aerach'.



Caitríona Ní Chonaola

Bean an tí: COMÓRTAIS NA nÓG

Is as Camus i gConamara do Chaitríona Ní Chonaola. Bíonn sí ag gabháil don aisteoireacht, scríbhneoireacht próis, cumadóireacht amhrán agus fonnadóireacht sean-nóis. Bíonn sí ag gabháil don drámaíocht chomh maith.



Seán Óg Ó F laithearta

ag cead ag

COMÓRTAIS NA nÓG

Dé Dómhnaigh ag 12.00n.

Gailf Oileán Chonamara,
Eanách Mheáin





COMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS DO DHAOINE FÁSTA

Teach an Daingin, Béal an Daingin, Dé Domhnaigh ag 8.00 i.n.

Ceoltóir don Chomórtas: **Johnny Connolly**

Ceol le **Beartla Ó Domhnaill & Ceann Golaim**



SEISIÚN ÁIRNEÁIN

Amhráin, Scéalaíocht, Filíocht agus corr phíosa gairí

Dé Domhnaigh ag 6.00 i.n.

Teach an Daingin, Béal an Daingin

Beidh seisiún ar siúl Tigh Darby i mBéal an Daingin anseo i gConamara ón 6 – 8 i.n. Dé Domhnaigh, an 23 Meán Fómhair. Beidh idir amhráin, scéalta agus fhilíocht á gcasadh agus á rá. Cloisfear daoine nach gcloistear chomh minic sin ag gabháil fhoinn leithéid Pheadar Tommy Mac Donnacha as an gCeathrú Rua agus Sheosamh Ó Conghaile as Eanach Mheáin. I measc na ndaoine a bheidh i láthair freisin beidh Eddie Bheartla Ó Conghaile, Máirtín Tom Sheainnín Mac Donnacha, Tomás Mac Eoin agus cuid mhaith eile. Beidh tráthnóna den scoth ann agus tá súil againn go mbeidh tú in ann a bheith i láthair chun sult a bhaint as.

Briocán Bairéad

Fear an tí: SEISIÚN ÁIRNEÁIN

Is as Ros Muc é Briocán. Tá sé tar éis an cúrsa an B.A sa Chumarsáid a chur i gcrích in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua. Tá súil aige post a fháil a bhaineann leis na meáin chumarsáide amach anseo. Casann sé corr amhrán ar an sean-nós mar chaitheamh aimsire. Tá cúpla duais bainte amach aige ina measc tá comórtas d'fhir faoi bhun 35 ag an Oireachtas.



CEARDLANN DAMHSA AR AN SEAN-NÓS

Gailf Oileán Chonamara,

Eanach Mheáin

Dé Sathairn ón 12 - 1.00 i.n.

Teagascóir: **Tura Arutura**

Seo é Cuthbert "Tura" Arutura, damhsóir, ceoltóir, ealaíontóir ildánach a rugadh sa tSiombáib agus a tháinig go hÉirinn i 1993. Tá seanchleachtadh aige ar na meáin. Ar na mallaibh bhí sé ar an gclár cainte ar RTÉ, 'Saturday Night Live' le Brendan O'Connor an 1^ú Nollaig 2011. Fiontraí rathúil, amhránaí gaoiseach, scríbhneoir amhrán, cainteoir Gaeilge agus damhsóir ar an sean-nós. Rinneadh clár faisnéise ar Tura 'Steip le Tura' a craoladh ar TG4 an 30 Nollaig 2011.

FÉITH NA HEAL AÍNE

Taispeántas Ealaíne le ealaíontóirí ó

Cheantar Chonamara

Dé Sathairn ag 5.30 i.n.

Gailf Oileán Chonamara

Na hEalaíontóirí a bhéas sa dtaispeántas:

Aoife Casby - An Cheathrú Rua, Ceara Conway - An Cheathrú Rua, Dan Ó Flatharta - An Cheathrú Rua, Danny Wallace - An Cheathrú Rua, Gwyneth Uí Ghaoir - Ros Muc, Tara Breathnach - An Spidéal, Bernie Seóige - Ros Muc, Mícheál Ó Coinneannainn - Na Forbada

TAISPEÁNTAS FIAGAÍ NA gCEANN GAELACH

Na hAlbain Grianghraf le Charles R. Browne

Beidh an taispeántas seo le feiceáil i nGailf Oileán Chonamara go dtí 25 Meán Fómhair 2012.

TURAS GO INIS TREABHAIR

Dé Sathairn 2.00 i.n.

Ceiliúradh ar shaol an Oileáin le

Pádraig Ó Conghaile

Cuirfear tús le Siúlóid Staire ar Inis Treabhair ar an gCaladh ó Dheas. Rachaidh sé siar an oileáin go dtí Tóin an Bhóthair, agus tiocfaidh sé aniar arís go dtí an Caladh ó Thuaidh. Le linn na

siúlóide, beidh cur síos á dhéanamh ar an teaghlaigh a bhí ag cur futhu ar an oileán, daonra an oileáin, logainmneacha, reiligeacha na leanaí agus neart eile. Bheadh an turas seo thar a bheith tairbheach do dhaoine atá ag cuairt ar Inis Treabhair don chéad uair, do dhaoine a rugadh agus a tógadh ar an oileán nó a d'fhreastal ar scoil ann, chomh maith le daoine ar tháinig sliochta a sleachta ón oileán.

Cúrsaí Drámaíochta le Máirín Uí Chonghaile

Bhí suim mhór agamsa i gcónaí i ndrámáíocht agus is iomaí dráma atá feicthe agam go dtí seo agus é sin ráite, níor cheap mé riamh go bhfaighidh mé deis páirt a ghlacadh in aon cheann acu. Is sa chéad bhliain a bhí mé in Ollscoil na Gaillimhe nuair a d'iarradh orm páirt a ghlacadh i ndrámá a bhí siad a chur ar stáitse darbh ainm Ciúnas sa Pháirc agus tá sé sin ceithre bliana ó shin. Thaitin an pháirt go mór liom mar go raibh an carachtar féin barúil, bhí sí réchúiseach agus bhí a gcroí briste i ndiaidh a madra a fuair bás. I láthair na huaire tá mé le hAisteoirí Chorr na Móna agus ba ea Séan Ó Morónaigh a d'iarr mé isteach sa chumann sin agus eisean atá i gceannas ar an gComhalachas Náisiúnta Drámaíochta atá lonnaithe i gCamus. Chuir mé aithne ar Shéan nuair a bhí mé sa Chumann Drámaíochta ar an Ollscoil. Is fear é Séan a bhfuil go leor oibre déanta aige ar son na drámaíochta ar fud na tíre agus go mór mór sna Gaeltachtaí agus lasmuigh. Cuireann sé béim ar an saibhreas teanga nuair a bhíonn sé ag léiriú drámaí. Tá scoth na ndrámáí léirithe ag cumainn ar fud na tíre le blianta fada anois agus taispeánann an Fhéile Náisiúnta go bhfuil scoth na n-aisteoirí ann. Tugann an Fhéile Náisiúnta seans do haisteoirí amaitéarach a gcuid samhlaíochta a chur amach os comhair lucht féachanna. Bíonn suas le hocht ndrámá páirteach san Fhéile Náisiúnta gach bliain agus tugann sé daoine le chéile.

Is é dúirt an tAire Éamon Ó Cuiv, ag Féile Náisiúnta Drámaíochta 2009:

'Tá an drámaíocht Ghaeilge teangabhunaithe agus pobalbhunaithe agus mar sin tá obair an Chomhlachais an-thábhachtach. Neartaíonn ealaín na drámaíochta na pobail ina bhfuil sí fréamhaithe taobh istigh den Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an Ghaeilge féin á saothrú agus á saibhriú. Tá an bua sin ag drámaíocht na Gaeilge.'
(Nuachtlitir an Chomhlachais, 2009)

Ceapaim féin go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil deis ag muintir Chonamara drámaí a chur ar stáitse trí mheán na Gaeilge. Aithníonn pobal na Gaeilge go bhfuil fíor thábhacht ag baint leis an drámaíocht Ghaeilge le cultúr agus an teanga a chur chun cinn. Tugann sé deis do dhaoine drámaí nua a scríobh agus a gcuid tallainne a thaispeáint ar bhealach pléisiúireach agus tá an-tóir ar dhrámaí Ghaeilge i gConamara le fada fada an lá. Tá tábhacht féin ag baint le gach réimse drámaíochta agus cuireann

Aisteoirí Chorr na Móna béim faoi leith ar na scéal drámaí. Téann sé sin i bhfeidhm ar dhaoine agus sin é an fáth a gceapann mé go bhfuil an drámaíocht an-éifeachtach chun an Ghaeilge féin a neartú. Neartaíonn sé caighdeán na Gaeilge, neartaíonn sé saibhreas na Gaeilge, tugann sé deis do dhaoine, an saibhreas sin a thabhairt amach go háirithe sa drámaíocht bunaithe ar scéalta béaloidis. Sin é fáth go bhfuil suim faoi leith ag daoine sna scéaldrámaí tradisiúnta. Má tá saibhreas cainte sna scéaldrámaí, tá saibhreas samhlaíochta iontu chomh maith. Ní mhairfeadh na scéalta béaloidis sin ó ghlúin go glúin ach amháin go raibh samhlaíocht faoi leith ag baint leis na daoine a d'inis na scéalta. Chuadar ó bhéal go béal. Tá na scéalta seo á gcur ar an árdán anois le beocht. Is greann an téama is mó a ritheann trí na hAgallamh Beirte agus na Luibíní a scríobhann Micheál Ó Tuairisc agus is aisteoir é le hAisteoirí Chorr na Móna áit a bhíonn beirt ag spochadh as a cheile. Scríobhann Micheál faoi ábhair atá feiliúnach sa lá atá inniú ann, cosúil le táillí atá an rialtas a ghearradh ar na humair sheipteacha, nó an géarleanúint atá na daoine a fhulaingt mar nach bhfuil cead acu na portaigh féin a bhaint. Cloiseann tú focail deasa filíochta, saibhreas teanga agus rithim láidir óna hAgallamh Beirte agus Luibíní agus bíonn tionchar acu ar an lucht féachana mar go gceapann siad go bhfuil siad greannmhar. Scríobhann Micheál agallamh agus luibíní atá dáiríre freisin agus bíonn cinn nua scríobtha aige gach bliain ina mbíonn téamaí agus ábhair difriúla aige iontu i gcónaí, ach fós tá an fhilíocht agus an saibhreas teanga le cloisteáil iontu ar fad.

Tá m'iníon Jacinta ag múineadh i nGael scoil agus is í atá i gceannas ar an gceol agus drámaíocht. Deir sí liom go bhfuil an drámaíocht an-mhaith do na páistí. Tugann sé muinín dóibh agus spreagann sé an samhlaíocht iontu. Déanann siad an t-ábhar scoile a chomhtháthú sna drámaí ar nós sábháilteacht ar bhóithre. Bíonn siad in ann comhoibriú lena chéile agus scileanna éisteachta agus labhartha a fhorbairt de réir mar atá an dráma ag dul ar aghaidh.

Déanann Pléaráca ceardlann drámaíochta i scoileanna i gConamara agus tugann sé seo deis do dhaoine óga a dtallann a thaispeáint. Tá sé an-tábhachtach go bhfuil eagraíocht mar seo ann le hiaid a spreagadh agus an drámaíocht a chur chun cinn ó bhliain go bliain. Guím gach rath ar Phléaráca sa todhchaí.

Scéal ón Oirthear le Mairéad Seoige



Mairéad i Singapore

Nuair a d'fhág muid Ros Muc an 7 Feabhra ní raibh ar m'intinnse ach an áit a raibh mé a fhágáil i mo dhiaidh agus dá bharr sin níor chuir mé mórán suime san áit a raibh mé ag dul.

Bhog mé féin agus mo pháirtí, Eamonn go Hong Kong chun obair a fháil. Nach muid a bhí sásta nuair a tháinig an t-eitleán anuas i Hong Kong mar bhí an suaiteacht chomh dona sin os cionn na hIndia go raibh formhór na bpaisinéirí tinn, mé fhéin ar dhuine acu!

Is é an rud is mó a thug muid faoi deara faoi Hong Kong ná chomh Síneach agus a bhreathnaigh chuile shórt! Ní raibh Béarla ag formhór na ndaoine agus sa gceantar inár fhan muid is ag ordú bia tríd féachaint ar na pictiúir a bhí muid. Bhí neart iasc úr le fáil agus roghnaigh muid an

ceann a bhí uainn as umar éisc agus maraítear é díreach sula ndéantar é a chócaráil.

Tá an áit plódaithe le daoine agus níl aon áit a bhfuil sé seo le tabhairt faoi deara níos mó ná ar an MTR / traein faoi thalamh. Tá chuile dhuine mar a bheadh róbaite ag súil chomh sciobtha agus d'airigh mé nach raibh mé mar pháirt dhó ach gur ar an taobh amuigh a bhí mé ag féachaint ar an áit chraiceáilte seo. (Ní bhíonn sé i bhfad go mbíonn tú féin mar a chéile leo ag deifriú ag an traein agus ní thugann tú na sluaite faoi deara níos mó). Tá an fón póca is fearr ag gach duine agus iad ar fad ag stánadh isteach iontu pé nóiméad a bhíonn acu.

Tá an líne spéire thar a bheith plódaithe freisin. Tá sé ar nós coill mhór ach in áit na gcrann is 'skyscrapers' atá le feiceáil. Is é an bealach a chuir



Singapore

mé síos air do mo dheirfiúr sa mbaile ná go bhfuil sé cosúil le dá mbeadh an bóthar as Gaillimh go Ros Muc clúdaithe leis na foirgnimh arda seo, cuid acu suas le 100 urlár ar airde nó níos airde!

Tar éis chúig oíche bhog muid amach as oileán Hong Kong go oileán Lantau go Óstán eile níos saoire. Chaith muid chúig seachtainí ansin ag lorg oibre. Casadh Éireannaigh orainn agus siad ba deise maidir le cúnamh agus tacaíocht. Is í an bhean álainn as Árainn, Seóigeach eile ar nós mé fhéin atá anseo 37 bliain a sheasann amach i m'intinn mar nár cheap mé go brách go mbeinn ag cóisir Lá Fhéile Pádraig agus ag labhairt Gaeilge le bean ón taobh céanna den tír liomsa agus an bheirt againn i Hong Kong!

Tá oileán Lantau go deas ach is é an truailliú; uisce agus aer an fhadhb is mó a chonaic muid le Hong Kong. Bíonn masc ar go leor do na daoine de bharr an lorg a d'fhág SARS orthu agus leac cuimhneacháin le feiceáil do na daoine, óg agus sean, a cailleadh leis.

D'ith muid neart iasc, ríse, glasraí agus noodles agus iad chomh saor mar shampla bheadh béile

maith agat air €5. Bhí sé an-deacair na daoine a dhéanamh amach mar go bhfuil rud anseo ar a dtugtar FACE. Ciallaíonn sé go bhfuil sé antábhachtach nach dtarraingeodh duine ón tSín drochcháil orthu féin nó i mBéarla 'to loose face'.

Mar sin déanfaidh siad fíor iarracht go deo ligean orthu féin nach raibh siad mícheart fiú má tá a fhios acu go bhfuil a mhalairt fíor. An cháill seo a thabharfaidh meas sa sochaí dóibh agus is féidir m.sh. iasacht a fháil nó gnó a dhéanamh má tá an face go maith. Tá sé an-deacair acu rud diúltach a rá leat cé gurb í an fhírinne a b'fhearr linne a chloisteáil. Sin é an fáth go dtugann siad freagraí dearfacha an t-am ar fad cé go bhfuil a fhios acu nach féidir leo an gealladh a thug siad a chomhlíonadh. Téann sé an-domhain agus caithfidh daoine ón Iarthar a thuiscint nach bhfuil an gnó socruithe go mbeidh an píosa paipéir sínithe. Níl sé ceart ná cóir dúshlán a thabhairt do dhuine ar fhaitíos go mbeadh siad náirithe agus mar sin ní bhíonn siad fírinneach leat go minic.

Agus neart de na hoileáin agus deilbh de Buddha feicthe againn ach gan aon phost faighte, bhog muid ar aghaidh go Singapore.



Buddha ar thaobh cnoc

Ní raibh muid trí seachtainí i Singapore nuair a bhí post faighte ag mo pháirtí. D'fhan muid na seachtainí sin i Johor Bahru trasna na teorann i Malaysia in Óstán 5 réalt air €40 san oíche. Tá cíós, óstáin agus tithe chomh costasach i Singapore. Tá an eacnamaíocht thar barr anseo. Ní féidir siúl ceathrú míle nach bhfuil tú i mullach suíomh tógála. Tá siad ag cur leis na línte traenach chomh maith le árasáin a thógáil. Cuireann na hoibrithe tógála (as an Ind an chuid is mó acu) na scéalta a d'inis m'athair dhom faoi na hÉireannaigh a thóig Londain i gcuimhne dhom. Oibríonn siad crua agus tá an teas go dona anseo.

An teas ceann de na rudaí ba deacra i dtosach. Tá séasúir i Hong Kong ach níl anseo ach teas ar feadh na bliana. Ar nós Hong Kong tá an áit lán le hionaid siopaí le chuile chineál ruda le ceannach. Tá níos mó spáis anseo seachas Hong Kong agus níl an truailliú / ceo trom sin le feiceáil ar laethanta áirithe.

Níl an tír seo ach 41 ciliméadar ar leithead agus 22.5 ciliméadar ar fhad. Tá an-bhéim ar airgead. Níl nóiméad ciúnaís agat i siopa mar go mbeidh freastalaí agat ar a bpointe boise ag iarraidh thú a mhealladh rud éigin a cheannach. Má cheannaíonn tú rud amháin beidh siad ag ofráil

tuilleadh duit agus tú ag dul amach an doras. Ag an am céanna tá an áit an-chomhaimseartha.

Níl aon fócaíochtaí leasa shóisialaigh anseo, tá tú curtha chun báis má bhíonn tú ag déileáil le drugaí agus faigheann tú suas le seacht mbliana i bpríosún má fhaightear greim ort ag goid as na siopaí. Níl cead ithe ná ól sna stáisiúin traenach agus tá gum coganta in aghaidh an dlí. Tá chuile áit glan agus ritheann rudaí in am. Tá béim ar na healaíona. Is talamh míntírithe go leor dhó agus níl aon tránna ann ach cinn a rinne siad féin agus tá an t-uisce truaillithe agus te! Mar sin tá linn snámha ag gach duine.

Tá an áit seo fíor shábháilte agus tá postanna againn agus bíonn an ghrian ag scaladh. Tá an bheatha go maith. Tá cairde nua againn –Éireannaigh a tháinig anseo le gairid freisin agus tá an club Éireannach gníomhach chun muid a thabhairt le chéile uair sa mí. Tá *Little India* agus an *Arab Quarter* mar a bheadh bailte beaga sa mbaile mór agus iad go hálainn.

Tá na daoine go deas, iad breá cabhrach má tá eolas uait. Agus tá aithne faighte ag cuid acu anois ar Éirinn mar go bhfuil damhsa ar an sean-nós, ceol agus amhráin Éireannacha déanta agam le mo rang – déagóirí as ar fud na hÁise atá anseo ag foghlaim Béarla. Is beannachtaí ar nós Dia dhuit agus slán a úsáideann mo scoláire óg as Korea liom mar go bhfuil suim curtha aige in Éirinn agus sa nGaeilge anois!

Bainfidh muid píosa amach anseo. Ní hé an baile é, ní hé Sydney ná Melbourne é ach an oiread ach tá muid ag obair agus is gearr uainn an Nollaig go mbeidh muid lena muintir arís.



Eamonn ar Cheung Chau

"Ré Nua Na Taibhdheirce"



Taibhdhearc na Gaillimhe

Tá Bainisteoir/Stiúrthóir Ealaíne nua ceaptha ag Taibhdhearc na Gaillimhe. Athosclófar doirse na hamharclainne (atá dúnta le cúpla bliain anuas de bharr dóiteáin) go luath agus tá ríméad ar an mBord Stiúrthóirí go bhfuil bainisteoir nua ceaptha acu chun an amharclann stairiúil seo a threorú isteach sa ré nua spreagúil seo.

Is as Baile Átha Luain Freda Nic Giolla Chatháin ó dhúchas ach tá cónaí uirthi i nGaillimh le tamall de bhlianta anuas. D'oibrigh sí cheana sa Taibhdhearc ina hoifigeach riaracháin agus tá naisc láidre aici, ní

hamháin leis an Taibhdhearc, ach le cuideachtaí amharclainne áitiúla eile. Bhí sí le deireanas i Cologne na Gearmáine áit a raibh sí ar ardán le Branar, Téatar do Pháistí, ina leagan den fhinscéal, Clann Lir. Chum agus sheinn Freda í féin agus ceoltóir eile atá lonnaithe i nGaillimh, Michael Chang, an ceol don léiriú amharclainne seo do pháistí.

Bhí Freda ina Bainisteoir Comhdhála ag Meitheal na mBeag le cúpla bliain anuas. Is scáthghrúpa agus áiseagraíocht é Meitheal na mBeag a fhreastalaíonn ar ealaíontóirí, oideachasóirí, comhlachtaí, ionaid ealaíon agus

institiúidí a léiríonn dílseacht do chur i láthair agus d'fhorbairt na n-ealaíon páiste lárnach trí Ghaeilge. D'oibrigh sí chomh maith le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i mBaile Átha Cliath, áit ar eagraigh sí Cuairt na bhFilí, malartú cultúrtha idir Éire agus Albain. Chaith sí tréimhse oiliúna in Ardstiúrthóireacht an Oideachais agus Cultúir sa Choimisiún Eorpach sa Bhruiséil agus d'oibrigh sí mar Oifigeach Forbartha Gaeilge le Comhairle Chontae Ros Comáin, áit a raibh cúram uirthi maidir le forbairt na n-ealaíon traidisiúnta chomh maith. Le blianta beaga anuas, d'oibrigh sí ina haistritheoir agus ina profléitheoir agus mhúin sí ar na cúrsaí iarchéime san aistriúchán in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua.

Tá Freda ag tnúth go mór leis an dúshlán nua seo: "Táim ag tnúth leis an lá nuair a athosclófar doirse na Taibhdheirce agus nuair a chuirfear beocht ar ais san amharclann. Tá an tionscadal athchóirithe seo tar éis an taobh istigh den amharclann álainn seo a bhunathrú chun feabhais, amharclann stairiúil ata lonnaithe i gcroílár chathair na Gaillimhe. Tá trealamh soilsiúcháin agus fuaime den chéad scoth curtha isteach agus tá bealaí nua isteach chun na hamharclainne do chathaoireacha rothaí.

De bharr stair cheiliúrtha na hamharclainne seo, teastaíonn uaim a chinntiú go mbeidh an Taibhdhearc ag croílár imeachtaí ealaíon na Gaillimhe, ag cur ár léirithe gairmiúla féin ar an ardán, chomh maith le ceolchoirmeacha, taispeántais agus ag soláthar ionaid do chompántais chuairte a gcuid léirithe féin a chur ar stáitse. Tá spás iontach cleachtaidh ar chéad urlár na hamharclainne, spás ina bhfuil solas nádúrtha aoibhinn agus urlár adhmaid. Bheadh an seomra seo an-oiriúnach, ní hamháin le haghaidh cleachtaí, ach mar spás taispeántais agus/nó spás corparáideach cruinnithe."

Tá fáilte curtha ag an mBord Stiúrthóirí roimh Freda ar bord, mar Bhainisteoir/Stiúrthóir Ealaíne, agus tá siad ag tnúth le cuidiú léi gach bealach is féidir leo chun a chinntiú go mbeidh an Taibhdhearc ar chuid lárnach d'fhorbairt na n-ealaíon Gaeilge ar fud na hÉireann.



Freda Nic Giolla Chatháin

Táthar ag súil go n-athosclófar an Taibhdhearc i mí Mhéan Fómhair agus beidh ócáid mhór cheiliúrtha i gceist. Tá athchóiriú á dhéanamh ar láithreán gréasáin na Taibhdheirce chomh maith agus beidh sonraí maidir le himeachtaí sa Taibhdhearc ar fáil ansin. Chun sonraí a fháil ar an athoscailte coinnígi súil ar an suíomh, sna meáin agus aimsigh Taibhdhearc na Gaillimhe ar Facebook!

Chun breis faisnéise a fháil, déan teagmháil le Freda ag 091-562024 nó freda@antaibhdhearc.com

An Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige

Cuireadh tús le Clár Litríochta agus Drámaíochta Phléaráca 2011/12 sna scoileanna i Meán Fómhair seo caite. Cuireann an Clár ceardlanna litríochta agus drámaíochta ar fáil i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Chonamara. Sí aidhm an chlár na an óige a spreagadh agus suim a mhúscailt i litríocht agus i ndrámáíocht na Gaeilge, agus tá sé tábhachtach go mbainfidh siad taitneamh as chomh maith. Tá an Clár ar siúl le hocht mbliana agus é maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta.

Cé go bhfuil laghdú mór ar an maoiniú a bhíodh ar fáil chun an Clár a reachtáil tá sé an-leathan i gcónaí. San áireamh ann tá: An Ciorcal Scríbhneoireachta, Drámaíocht sna Bunscoileanna, Léitheoireacht sna Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna, Scríbhneoireacht Chruthaitheach sna Bunscoileanna, Féile Leabhar Bricíní agus an Fhéile Litríochta Fuint Focal. Bhí an Féile Bricíní ar siúl ag tús Mí na Nollag i Seanscoil Sailearna. Deireadh seachtaine díolachán leabhair Ghaeilge a bhíonn ann le himeachtaí agus taispeántais do pháistí óga agus do dhéagóirí. I measc na n-imeachtaí ar an gclár bhí cur i láthair ó Cholmán Ó Raghallaigh, ceardlann Déan do Leabhar Féin le Gwyneth Uí Ghaora, Taispeántas Gliondar, Léitheoireacht le Beartla Broc agus Patricia Forde, cur i láthair ar Shaol agus Shaothar Mháirtín Uí Dhireáin agus Seó leis an Sorcas Beag.

Is in Inis Meáin a d'eagraigh Pléaráca an Féile Litríochta Fuint Focal i Márta. Thaisteal scoláirí ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin thar sáile agus d'fhreastal scoláirí ó Choláiste Naomh Eoin agus Coláiste Ghobnaite ar an bhféile chomh maith. Is í Róisín Ní Ghairbhí a sheol an fhéile agus rinne sí sár-jab. Bhí ceardlanna ar siúl ar an Satharn agus i measc na ndaoine a thug ceardlanna bhí Jackie MacDonncha, Darach Mac Con Iomaire, Uinseann Mac Dubhghaill, Dara Ó Conaola agus Deirdre Ní Chinnéide. Ar an Domhnach bhí cuairt eagraithe go Teach Synge, áit a ndearna an Dr. Mairéad Ní Chonghaile cur síos dóibh ar John M. Synge, an t-am a chaith sé ar an oileán agus sa teach atá ainmnithe ina dhiaidh. Bhí sé seo an-tráthúil mar bhí dán leis ar an gcúrsa Ardteistiméireachta i mbliana.

Bhí na háisitheoirí Jackie MacDonncha agus Máire Homes ag tabhairt ceardlanna i cheithre mheánscoil faoin gCiorcal Scríbhneoireachta. Is iad na scoileanna a bhí páirteach ná Coláiste Eoin Inis Meáin, Scoil Phobail Charna, Coláiste Cholmcille agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Bhain cuid de na scoláirí a ghlac páirt duaiseanna amach i gcomórtais liteartha an Údaráis agus comórtais an Oireachtais. I mí Aibreáin d'fhoilsigh Pléaráca *Dornáin*, an ceathrú cnuasach filíochta agus gearrscéalta ón gCiorcal. Is í Ailbhe Ní Ghearbhuigh a sheol an cnuasach sa Leabharlann ar an gCeathrú Rua.

Bhí naoi scoil páirteach i mbliana sa Drámaíocht sna Bunscoileanna. Siad Rosaleen Ní Shúilleabháin, Máirín Mhic Lochlainn agus Áine Uí Almhain a bhí i mbun na gceardlann. I mbliana dhírigh muid ar scéalta áitiúla agus seanchas a dhéanamh leis na páistí. Bhí Máire Holmes agus Bridget Bhreathnach i mbun Scríbhneoireacht Chruthaitheach sna Bunscoileanna. Tá an-suim sna ceardlanna seo le roinnt blianta agus tá an t-éileamh ag meadú gach bliain. Bhí an dá bhunscoil in Inis Mór, Scoil Ronáin agus Scoil Eoin Pól páirteach i Léitheoireacht Bheartla Broc i mbliana. B'é seo an chéad uair ag Beartla Broc a dhul thar sáile agus d'éirigh an-mhaith leis. Bhí Máire Holmes i mbun Club Léitheoireachta le grúpa i Scoil Chuimsitheach Chiaráin chomh maith. Sí an aidhm atá leis an gclub seo ná daoine óga a spreagadh chun leabhair Ghaeilge a léamh agus aithne a chur ar scríbhneoirí móra na Gaeilge agus a gcuid saothar.

Ba mhaith le Pléaráca buíochas a ghlacadh leis na scoileanna agus na h-áisitheoirí a bhíonn páirteach in imeachtaí an Chláir. Beidh Pléaráca ag cur tús le himeachtaí an Chláir Litríochta agus Drámaíochta sna Scoileanna i nDeireadh Fómhair arís.



Scríbhneoirí Óga

Saothar ó bheirt scríbhneoirí óga as ceantar Eanach Mheáin agus Béal an Daingin, a bhí páirteach i gCiorcal Scríbhneoireachta Phléaráca

Dílseacht

Níor cheap mé go dtiocfadh sé, ach ansin chuala mé gáire íseal taobh thiar díom. Léim mé suas san aer. Rinne mé eascainí faoi m'anáil. Chas mé i dtreo an ghlóir agus bhí fuacht i mo ghlór.

"An bhfuil ort é sin a dhéanamh agus an bhfuil ort fanacht sa dorchadas. Dá bhfeicfeadh aon duine mé cheapfadh siad gur chaill mé m'intinn."

Rinne sé gáire beag.

"Tá orm é sin a dhéanamh, mar bíonn go leor daoine a léimeann amach agus is maith liom an dorchadas. Anois bhí gearán agat faoi rud éigin a rinne mé. Inis dom céard é féin. Rinne mé go leor le gairid."

"Tá a fhios agat go maith céard a rinne tú!"

Thosaigh mé ag screadach, ach fuair mé smacht ar mo ghlór, agus dúirt mé: "Tá mé in ann é a chloisteáil i do ghlór."

D'fhan mé le freagra.

Bhí a fhios agam go raibh sé ag gáire aríst nuair a dúirt sé: "Tá tú go maith ag na rudaí sin. Tá a fhios agam, ach b'fhéidir go bhfuil mé mícheart, agus tá ort é sin a rá."

Níor dhúirt mé tada.

"Abair liom ceard a rinne mé!"

Ba ordú a bhí ann anois.

"Thóg tú Jamie go teach an bháis. Tá mé dá iarraidh ar ais," a dúirt mé.

Rinne sé gáire.

"Tá tú ag iarraidh an choirp le go mbeadh fios agat go bhfuair sé bás," a deir sé.

Thit mo dhomhan as a chéile faoi mo chosa, ach d'fhan mé i mo sheasamh.

"Tá sé....tá sé.... tusa... an.. é..?"

Rinne mé iarracht ceist a chur ach ní raibh mé in ann.

"Mharaigh mé é! Tá sé marbh! Ach níor mharaigh mé féin é!"

Bhí gnó agam in áit eile. Bhí 'Leac Oighir' ag iarraidh é a dhéanamh. Thóg mise an t-ordú, ar seisean.

Bhí me in ann fiafraí, "cén fáth?"

"Bhí sibh ró - ghar dá chéile. Ní raibh sé an - dílis dom, agus tá cúpla duine ar nós 'Leac Oighir' atá ag iarraidh a bheith leat agus ní raibh siad chomh dílis is ba mhaith liom. Tá siad dílis dom anois. Cheap mé go raibh tusa ag dul sa treo céanna freisin," a dúirt sé.

Bhí mé an - chrosta anois.

"Ba é Jamie an cara ab fhearr a bhí agam. Ní raibh muid i ngrá. Bhí muid le chéile nuair a bhí muid ag troid ar do chuid ordaithese. Bhí a fhios agam go

raibh sé ag coinneáil súil amach dom, agus mé dó," a scread mé.

"Is maith liom an fearg sin, ach coinnigh don chéad troid eile é. Bhí an éifeacht chéanna aige....tá na buachaillí dílis dom aríst," a dúirt sé, mar a cheapfadh sé go ndéanfadh sé sin gach rud níos fearr.

"Ní dhéanann sé sin gach rud ceart," stop mé agus fuair mé smacht orm féin aríst.

"Fuair tú dílseacht uathu sin, ach chaill tú mo chuidse. Tá mé ag iarraidh fágáil," a dúirt mé i nglór a bhí chomh fuar leis an nGeimhreadh.

"Ní féidir leat fágáil. Tá a fhios agat céard a tharla do Anna nuair a rinne sí iarracht mé a fhágáil. Tá tú linn go brách. Ná habair rud mar sin aríst." Bhí a ghuth ag ardú le gach abairt.

Thit mé ar mo ghlúine, agus dúirt mé, in aghaidh mo thola, mar bheadh glór duine éigin eile. "ní dhéarfadh mé a mháistir."

"An bhfuil aon rud eile le rá agat liom. Tá gnó agam in áit eile," a dúirt sé, fearg fós ina ghlór.

"Níl, a mháistir," a dúirt mé, na deora ag teacht le mo shúile.

"Go maith. Slán. Grá mo chroí," a dúirt sé mar a bheadh mothúcháin éigin aige, mar a bhí sé nuair a chas mé leis ar dtús. Tá a fhios agam níos fearr anois. Nuair a bhí sé imithe chas mé isteach ionam féin, nó go raibh mé ar nós liathróid, agus thosaigh mé ag caoineadh go crua.

Bhí Jamie imithe, agus bhí orm fanacht i dteagmháil leis an bhfear a bhí taobh thiar den rud ar fad. Bhí Jamie imithe. Bhí Jamie marbh.

Shannon Ní Mháille

Ag Seoladh

Tá an ghrian ag scaladh
Is muid ag dul siar le seolta
Níl tada ar ár n-intinn
Ach bheith ag seoladh
Bád mór bán í lán le móna
Ar Árainn na Naomh a bheas muid tráthnóna

Tá suaimhneas síoraí ar na tonnta
Áit le d'intinn a chur ag snámh
Saol gan eagla
Faitíos ná imní
Áit níos aoibhne
Níl le fáil

Bairbre Ní Loinsigh



Campa Samhradh 2012




Eoin Ó Mainnín



Shauna Ní Laoi



Aleanna Ní Chualáin



Cian Bairéad



Christopher Ó Máille



Katie Ní Shúilleabháin & Clare Ní Lochnainn

Ó Bhéal an Daingin go Dhahran

le Barbara Ní Shúilleabháin

Is maith is cuimhin liom an chéad smaoineamh a rith tríd m'intinn agus muid ag tuirlingt ar aerfort Dhahran, san Arab Shádach, an 17 Deireadh Fómhair, 1997. Rinne mé iontas go raibh leictreachas ann – ach meas tú cár cheap mé a bhí me ag dul?

Cuireadh céad míle fáilte romham nuair a thosaigh mé ag obair ag ceanncheathrú Saudi Aramco i Dhahran. Is é Saudi Aramco an comhlacht ola is mó ar domhan agus táirgeann sé 12 milliún bairille ola sa lá agus freisin tá sé ar cheann de na heasportálaithe is mó ar domhan d'ábhair gáis nádúrtha (NGL). Tá oifigí ar fud na tíre ag an gcomhlacht chomh maith le hoifigí i Meiriceá, san Eoraip agus san Áis agus tugann sé fostaíocht do 56,000 duine as chuile cheard den domhan.

Tá muid ina gcónaí sa gcampa céanna ina bhfuil ceanncheathrú an chomhlachta suite. Tá an campa cosúil le baile beag i Meiriceá le daonra de 10,000. Tá chuile chineál seirbhíse agus áis le fáil ann, mar shampla, amharclann; leabharlann; linn snámha; cúrsa gailf; neart áiseanna spóirt; bialanna; ollmhargaí agus ospidéal. Tá go leor clubanna agus cumainn ar féidir páirt a ghlacadh iontu ann agus bíonn ranganna oíche éagsúla ar siúl, mar shampla, ealaíon, teangacha eachtrannacha chomh maith le go leor ranganna aclaíochta. Tá grúpa damhsa Gaelach ann fiú a raibh mé fhéin páirteach ann ar feadh roinnt blianta.

Is tír Moslamach í an Arab Shádach agus leanann siad rialacha an-ghéar maidir leis an gcreideamh agus leis an gcultúr atá acu. Bíonn na mná clúdaithe ó bhun go barr nuair a bhíonn siad amuigh go poiblí, is cuma más ar an trá nó san ollmhargadh atá siad. Bíonn orainne, mar chuairteoirí, ár gcoirp a bheith clúdaithe nuair a bhíonn muid taobh amuigh den champa. Chomh maith leis seo tá bac iomlán ar ól agus níl aon chead ag mná tiomáint taobh amuigh ach oiread. Níl aon chead ag bean siúl le fear nach é a fear céile é, a mac nó a deartháir. Tá áiteanna suí deighilte sna bialanna – áit le haghaidh fhir shingil amháin agus áit le haghaidh teaghlach. Tá



Eithne, neacht Bharbara ar saoire i Dubai

córas den chineál céanna sna bancanna agus sna hospidéal.

Is é an creideamh Ioslamach creideamh na tíre agus glaoitear chun paidreoireachta iad chúig uaire sa lá. Bíonn na glaochanna seo le cloisteáil ó na Moscanna éagsúla taobh istigh agus taobh amuigh ó mhaidneachan lae go dtí deireanach tráthnóna. Níl aon gá dóibh dul go dtí an Mosc chun guí, is féidir leo é a dhéanamh sa bhaile nó san oifig nó in áit ar bith is maith leo, istigh nó amuigh, ach go gcaithfidh siad iompú i dtreo Meice san Oirthear. Dúnann na siopaí uile taobh amuigh den champa ag na hamanna seo agus athosclaíonn siad arís nuair a bhíonn an ghuí déanta. Ach thíos sa bhaile mór in Al Khobar fágann cuid de na siopaí na custaiméirí istigh le linn am guí cé nach ndéantar aon fhreastal orthu.

Tá sé an suimiúil a bheith ag siopadóireacht go mór mór sa bhaile mór. Is seanbhaile í Al Khobar agus tá carachtar ag baint léi agus leis an dream atá ag obair ann. Is cuid den nós a bheith ag


Forbairt Pobal Teanga Cultúr



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe / Co. Galway
Tell: 091 503100
Facs: 091 503101

e: eolas@udaras.ie w: www.udaras.ie



AN GÚM

Tuilleadh eolais / ábhar samplach
www.gaeilge.ie/angum



Cillian agus an Rón

Malachy Doyle / Tatyana Feeney
(Leabhar & CD)

Buachaill mór bád is ea Cillian. Nuair nach dtagann a athair abhaile oíche amháin i ndiaidh stoirme geallann sé dá mháthair go dtiocfaidh sé air agus go dtabharfaidh sé slán é. Le cabhair óna chara, an rón, tagann sé ar a athair ach chun go ligfí ar ais chuig a theaghlach é bíonn ar Chillian margadh truachroíoch a dhéanamh le Banríon na Maighdean Mara.


ISBN 978-1-85791-816-8 €9.50 Crua 8 mbliana+

Azzi idir dhá stól

Sarah Garland

Tá Azzi agus a cuid tuismitheoirí i mbaol. Níl rogha acu ach éalú chuig tír eile. Téann siad a chónaí i measc stráinséirí. Téann Azzi i dtaithí ar na hathruithe móra ina saol go misniúil cróga, ach tá Mamó fós sa bhaile. An bhfeicfidh sí arís go deo í? Scéal corraitheach a insítear, idir phictiúir agus téacs, go lom tuisceanach.

ISBN 978-1-85791-156-5 €6.95 Crua 8 mbliana+



Le ceannach uathu seo:
www.cic.ie
www.siopagaeilge.ie
www.litriocht.com
An Siopa Leabhar
(01) 478 3814

Fóras na Gaeilge



Camaill sa bhfásach

margaíocht agus tá an-chraic ag baint leis seo. Seasann siad lena bhfocal agus is tréith é seo a thaitníonn go mór liom.

Níl aon chomparáid idir tírdhreach na hÉireann agus tírdhreach na hAraibe Sádaí. Tá a háilleacht fhéin ag baint leis an bhfásach agus í lán le sléibhte gainimh ar dhathanna difrúla ach tá contúirt ag baint léi freisin. Bíonn an teocht os cionn 50° C i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa agus an taise ag tarraingt ar 90% agus bíonn an teocht níos airde arís i lár an fhásaigh. Ní sheasfadh duine i bhfad taobh amuigh inti! Cónaíonn an Bedouin (cine na hAraibe) amuigh sa bhfásach i bpubaill agus ní bhíonn aon aeroiriúnú acu. Socraíonn siad na pubaill sa samhradh sa gcaoi go bhfaighidh siad an fhuaraíocht is fearr.

Ar ndóigh is é an camall an córas taistil a bhíodh acu fadó ach inniu tá carranna acu uile. Tá na camaill fós acu agus bíonn margaidh acu chuile sheachtain agus díoltar na camaill ar phraghsanna an-ard go mór mór na ceanna bána. Is comhartha saibhris é camaill bhána a bheith ag duine.

Tá nósanna an phósta an-difriúil ar fad. Déantar cleamhnas idir col ceathracha ach scaití pósann na

fir mná ó thíortha eile. Má bhíonn an bheirt sásta tugann said gealltanais an phósta dá chéile. Cúpla mí ina dhiaidh seo síníonn siad conradh os comhair fear dlí agus bíonn an pósadh déanta ansin. Bíonn bainis acu sé mhí nó bliain nó níos faide fiú ina dhiaidh seo agus is i ndiaidh an cheiliúrtha seo a thosaíonn siad ag cónaí le chéile. Tá cead ag an bhfear ceathrar ban a bheith aige ag aon am amháin ach tá sé do dhualgas air an aire chéanna a thabhairt dhóibh uile. Bíonn ar an mbean fear Moslamach a phósadh ar an gcéad phósadh ach ina dhiaidh sin bheadh cead aici fear eachtrannach a phósadh dá bhfaigheadh an chéad fhear bás nó dá bhfaigheadh sé colscaradh uathí. Dá dtarlódh sé seo bheadh ar an bhfear eachtrannach a athrú go dtí an creideamh Ioslamach, dá mbeadh gá.

D'fhreastail mé fhéin ar bhainis anseo cúpla bliain ó shin agus bhí sí thar a bheith suimiúil. Tosaíonn na bainiseacha an-deireanach agus arís bíonn na mná agus na fir scartha óna chéile i seomraí difriúla. Bíonn na mná i seomra mór agus bíonn ceol ar siúl agus téann siad ag damhsa ar an stáitse agus iad fíor ghléasta i ngúnaí áille agus seodra. Bíonn na fir i seomra eile ag caint agus ag comhrá, ag caitheamh an sheisha (tobac) agus ag



Deirfiúracha Barbara, Mary & Bridie

ól tae agus caife. Is ag na bainiseacha seo a bhíonn na máithreacha ag faire ar bhrídeog dá gclann mhac.

Timpeall meán oíche tagann an lánúin phósta isteach le chéile chomh maith le hathair na brídeoige agus a cuid deartháireacha. Tosaíonn na mná uile sa seomra ag glaoch agus iad ag fógairt teacht na bhfear, agus clúdaíonn siad iad fhéin ó bhun go barr. Fanann an lánúin phósta timpeall leath uair an chloig ina suí ar chathaoireacha ar an stáitse agus ansin imíonn siad. Tamall ina dhiaidh seo itear an dinnéar.

Tá an bheatha spéisiúil agus tá cuid dhi an-bhlasta. Tosaítear an dinnéar le sailéad agus ansin bíonn iasc, sicín, uaineoil, camall nó gabhar acu mar phríomhchúrsa agus úsáidtear go leor spíosraí éagsúla sa chócaireachta. Is maith leo rís agus glasraí agus tá an-tóir acu ar rudaí milse freisin.



Fear Arabach ag margadh camaill

Chuile bhliain bíonn orthu troscadh ar feadh míosa, glaoitear Ramadan, an mhí bheannaithe, ar an tréimhse seo. Níl aon chead ithe, ól na tobac a chaitheamh ó éirí go luí na gréine. Is é an nós an troscadh a bhriseadh chuile oíche le caife agus dátaí agus ansin bíonn béile acu. I rith na míosa seo tugann na gaolta cuairt ar a chéile agus bíonn an-cheiliúradh ann. Bíonn orainne, mar chuairteoirí, ómós a léiriú den chleachtadh seo thrí staonadh muid fhéin ó bheith ag ithe agus ag ól go poiblí.

Cé go bhfuil sé an-deacair víosa a fháil chun dul isteach san Araib Shádach, léiríonn muintir na tíre flaithiúlacht agus féile do na cuairteoirí a thagann agus is é seo mo thaithí fhéin.



Maidir le cúrsaí aimsire, bíonn an ghrian ag scoilteadh an ghainimh an chuid is mó den bhliain anseo. Go hiondúil bíonn an geimhreadh cosúil le samhradh breá sa mbaile ach scaití tá sé in ann a bheith sách fuar. Ní fheicimid mórán báistí ach stoirmeacha gainimh nó shamal mar a ghlaoitear orthu agus is measa iad seo na doirteadh ar bith.

Is fada ó chéile iad Béal an Daingin agus Dhahran agus is iomaí cara agus comhghleacaí a casadh orm ar m'aistear. Guím chuile rath agus beannacht ar thaistealaithe uile an domhain agus go dtuga Dia slán abhaile iad.

Nioclás Ó Conchubhair Teo.

Rogha agus Seirbhís den Scoth

Quality Choice Service

Leitirmóir, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-551 114
Faics: 091-551 258

Casla, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-506 111
Faics: 091-506 044

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,
Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & srl.*

Teach an Daingin

Béal a' Daingin

091-572502

An Hooker Bar

Eanach Mheáin

091-572120

Gath rath ar an bhFéile!

Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna

Indreabhán

Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017

Facs: 091-593715

Ríomhphost: cst@eircom.net

Ó CEALLAIGH
SCOIL TIOMÁNA

ad

Ref no: 34410



087-6781647

091-572030

PEADAR Ó CEALLAIGH
TEAGASCÓIR TIOMÁNA

ADI Catagóirí: B,C,C1,D,D1

Gaillimh, Clochán
& Connemara



scoiltiomana@gmail.com

Teicneolaíocht Uí Threasaigh Teoranta

DEARADH TÁIRGE
DEARADH & TÁIRGIÚ MÚNLA
SEOMRA GLAN GRÁD 100,000

IS.EN.ISO 13485

Na hAille, Indreabhán

Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593088

www.wayglen.ie

Ádh mór ar Fhéile Phléaráca '12

MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360/552021
glengowlamines@eircom.net
www.glengowlamines.com

Seanmhianach Luaidhe
agus Airgid ón 19ú haois

*Turais faoi thalamh le treoraí/
siúlóidí nádúir*



Máire Seoige

Ros Muc

Leaba & Bricfeasta

Lóistín

091-574147



Pléaráca Teo.

Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe

Ceardlann oíche agus deireadh seachtaine d'fhir agus mná -
Peintéireacht, Caoladóireacht & Scríbhneoireacht
Chruthaitheach

le tacaíocht ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

Taispeántais Ealaíne de shaothar na gceardlann

Féile Phléaráca Chonamara - Féile bliantúil atá ar siúl ó 1991

CyberCaifé - An Caifé Cabach

Seirbhís Leabharlainne *le tacaíocht ó Leabharlann an Chontae*


Ionad Seirbhísí Teanga *le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta*

Seirbhís Oifige agus Eolais don Phobal

Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige *le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta*

Campa Samhraidh *le tacaíocht ó an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta*

Eolas: 091-574021 / 574882
plearacateo@gmail.com
www.plearaca.ie





Bualteoirí Gradam an Phléaráca

- 1994 Pádraic Tom Photch Ó Ceannabháin
- 1995 Máirtín Tom Sheáinín Mac Donnacha
- 1996 Máire Bn. Uí Chonaola
- 1997 Máirín & Joe Steve Ó Neachtain
- 1998 Micheál Mháire Ghabha Ó Ceannabháin
- 1999 Tom a' tSeoighe
- 2000 Breandán Ó Tuairisg
- 2001 Máire Welby
- 2002 Johnny Phádraig Pheter Connolly
- 2003 Tomás Mac Eoin
- 2004 Séamas Ó Cualáin
- 2005 Coiste Choláiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh
- 2006 Eddie Bheartla Ó Conghaile
- 2007 Treasa Ní Mhiolláin
- 2008 Sonáí Choilm Learaí Ó Conghaile
- 2009 Ord Malta Inis Meáin
- 2010 Risteard Mac Aodha
- 2011 John Bhaba Jeaic Ó Conphaola

